



TUARASCÁIL BHLIANTUIL AGUS RÁITIS AIRGEADAIS 2019

 COMHLACHT CHALAFORT
ÁTHA CLIATH
DUBLIN PORT COMPANY



CLÁR NA NÁBHAR

02 Príomhphointí Airgeadais 2019

06 Príomhtháscairí Feidhmíochta Airgeadais

07 Stiúirthóirí agus Eolas Eile

12 Athbhreithniú ón bPríomhfheidhmeannach

18 Tuarascáil na Stiúirthóirí

25 Tuarascáil na nIníochóirí Neamhspleácha

27 Beartais Chuntasaíochta

34 Cuntas Brabúis agus Cailteanais

35 Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

36 Clár Comhardaithe

37 Ráiteas ar Athruithe ar Chothromas

38 Ráiteas ar Shreafaí Airgid

39 Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

62 Staitisticí Poirt (neamhiniúchta)




“Má chuirtear Ró-Ró agus Ló-Ló le chéile (trí Ló-Ló a thomhas de réir aonad seachas i dtéarmaí TEU), d’fhás an tréachur iomlán don bhliain 3.6% go dtí 1.5 milliún aonad.”

Príomhphointí Airgeadais 2019

Láimhdeachas

€92.7m

▲ 2.6%




2018: €90.4m

Brabús oibriúcháin

€44.2m

▼ 6.7%




2018: €47.4m

Brabús i ndiaidh cánach

€38.6m

▼ 6.9%




2018: €41.5m

TRÚCDA

€54.0m

▼ 3.3%




2018: €55.8m

Caiteachas caipitil

€78.1m

▼ 10.6%




2018: €87.4m

Iomlán an chothromais

€470.4m

▲ 6.8%




2018: €440.4m

Díbhinní

€4.1m

▼ 66.4%




2018: €12.2m

Tréchur

38.1m tona

▲ 0.4%




2018: 38.0m tona

Aonaid Ró-Ró

1,059,103

▲ 2.6%




2018: 1,031,897

TEUnna

774,000

▲ 6.5%




2018: 726,928

Líon paisinéirí

1.9m

▲ 6.7%




2018: 1.8m

Paisinéir agus ball criú

323,234

▲ 16.7%




2018: 276,927

Long crúsála

158

▲ 5.3%



2018: 150



“An t-athrú ba shuntasáí a bhí ann i rith 2019 ná gur tháinig laghdú -0.2% ar thrádáil aonadaithe leis an Ríocht Aontaithe, agus san am céanna, tháinig méadú +10.7% ar thrádáil le Mór-Roinn na hEorpa agus le háiteanna níos faide i gcéin.”

LÓ LÓ

BHÍ FÁS 6.5% AG
LÓ-LÓ TEUS
GO 774,000 IN 2019
Ó 726,928 IN 2018



Príomhtháscairí Feidhmíochta Airgeadais

	2019 €'000	2018 €'000
Láimhdeachas	92,723	90,374
Brabús Oibriúcháin	44,229	47,388
Corrlach Oibriúcháin (%)	47.7%	52.4%
TRÚCDA	53,960	55,827
TRÚC	44,229	47,388
Glanmhuirir Úis	679	502
Clúdach úis		
- bonn TRÚCDA (ó thaobh ama de)	79.5	111.2
- bonn TRÚC (ó thaobh ama de)	65.1	94.4
Glanairgead Fiachas	(121,388)	(91,584)
Glanairgead Fiachas mar chéatadán d'iomlán an chothromais (%)	(25.8%)	(20.8%)
Glanairgead Fiachas mar chéatadán de na sócmhainní seasta (%)	(21.5%)	(18.4%)
Toradh ar Chaipiteal a Úsáidtear (TACÚ) (%)	8.2%	10.2%

	2019 €'000	2018 €'000
Brabús Oibriúcháin	44,229	47,388
Dímheas	10,318	9,599
Amúchadh	(582)	(542)
Ioncam eile	-	(600)
Míreanna neamhghnácha – brabús ar dhiúscairt sócmhainní	(5)	(18)
TRÚCDA	53,960	55,827
Scéim iomarcaíochta deonaí	2,883	-
Bun-TRÚCDA	56,843	55,827

TRÚC - tuilleamh roimh ús agus cáin

TRÚCDA - tuilleamh roimh chostais úis, cáin, dímheas, amúchadh, míreanna eisceachtúla agus costais iomarcaíochta neamheisceac

Clúdach úis - an cóimheas idir EBITDA nó EBIT agus glanmhuirir úis

TACÚ - an cóimheas idir an brabús oibriúcháin agus an meánmhéid caipitil atá in úsáid

TRÚCDA (€'000)

53,960

2018: 55,827

TRÚC (€'000)

44,229

2018: 47,388

**Glanairgead
Fiachas (€'000)**

121,388

2018: 91,584

**Toradh ar Chaipiteal a
Úsáidtear (TACÚ)**

8.2%

2018: 10.2%

Stiúrthóirí agus Eolas Eile



Eamonn O'Reilly
Príomhfheidhmeannach



Michael Brophy
Stiúrthóir



Helen Collins
Stiúrthóir



Geoffrey Darling
Stiúrthóir



Michael Hand
Stiúrthóir



Keith Nolan
Stiúrthóir



Lesley Williams
Stiúrthóir



Michael Sheary
Rúnaí na Chomhlachta
& Príomhoifigeach
Airgeadais

Rúnaí & Oifig Chláraithe

Michael Sheary
Ionad an Chalafoirt
Bóthar Alexandra
Baile Átha Cliath 1

Uimhir Chláraithe:
262367

Baincéirí Príomha

Banc na hÉireann
2 Plaza Burlington
Bóthar Burlington
Baile Átha Cliath 4

An Banc Eorpach Infheistíochta
98-100 boulevard
Konrad Adenauer
L-2950 Lucsamburg

Ulster Bank DAC
Ulster Bank Group Centre
Cé Sheirse
Baile Átha Cliath 2

Iniúcháirí

Deloitte Ireland LLP
Deloitte & Touche House
Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2

Dlíodóirí

Beauchamps Solicitors
2 Cois Abhann
Cé Sir John Rogerson
Baile Átha Cliath 2

Eversheds
1 Lárionad Phort an Iarla
Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2

Mason Hayes & Curran
Teach an Phoirt Theas
Sráid na Bearú
Baile Átha Cliath 4

Achtúirí

Mercer
Teach Charlotte
Sráid Charlemont
Baile Átha Cliath 2

Stiúrthóirí agus Eolas Eile ar leanúint

Eamonn O'Reilly, Príomhfheidhmeannach

Ceapadh Eamonn O'Reilly mar Phríomhfheidhmeannach de Chomhlacht Chalafort Átha Cliath i mí Lúnasa 2010. Bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach roimhe sin ar Portroe Stevedores, gnó láimhseála lasta bunaithe i mBaile Átha Cliath, ó 2005. Le linn na tréimhse sin, bhí ról ag Eamonn mar bhainisteoir forbartha grúpa de mháthairchomhlacht Portroe, Doyle Shipping Group.

Sula ndeachaigh s chuig Doyle Shipping Group, bhí Eamonn ina Bhainisteoir Tionscadail do Securicor Ireland agus d'oibrigh sé mar shainchomhairleoir bainistíochta le KPMG chomh maith. Bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach ar Marine Terminals Limited idir 1992 agus 1996.

Chuir Eamonn tús lena shaol oibre mar innealtóir le Irish Cement Limited sula ndeachaigh sé thar lear ag obair san Éigipt, san Araib Shádach agus sa Chongó.

Is innealtóir cairte é Eamonn a bhain a chéim amach i gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, agus tá Máistreacht sa Riarachán Gnó aige ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Tá Eamonn ina bhall d'Institiúid Innealtóirí na hÉireann agus is Cathaoirleach reatha é d'Eagraíocht Phoirt Mhuir na hEorpa (ESPO) agus tá sé ina bhall den Chomhairle Ginearálta Stevedoring.

Michael Brophy, Stiúrthóir

Is saineolaí é Michael ar bhainistíocht timpeallachta agus gnó le taithí ar leith aige i measúnú eagraíochtaí ó thaobh comhlíonadh dlíthiúil timpeallachta agus sna dea-chleachtais idirnáisiúnta maidir le tomhais agus rialaitheoirí maolaithe timpeallachta.

Tá Michael ina phríomhinúchóir timpeallachta in Éirinn le go leor taithí i gcur i bhfeidhm praiticiúil pholasaí agus rialacháin na hEorpa chun comhlíonadh a bhaint amach. Baineann a thaithí fiche bliain sa mheasúnú riosca timpeallachta agus srianta dea-chleachtais le heagraíochtaí ón earnáil phoiblí agus ón earnáil phríobháideach.

D'oibrigh Michael go mór le gníomhaireachtaí rialacháin le taithí ar leith i bhforbairt agus cur i bhfeidhm iniúchadh timpeallachta agus/nó scéimeanna faoi Threorach agus Rialacháin éagsúla an AE.

D'fhreastail Michael mar Stiúrthóir agus mar bhall Boird ar Bhoird éagsúla in Éirinn, sa Ríocht Aontaithe, san Iodáil agus sa tSeapáin. Tá MSc i mBeartas agus Rialachán Eorpach an Chomhshaoil agus BSc in Eolaíocht an Chomhshaoil aige.

Helen Collins, Stiúrthóir

Chuaigh Helen isteach sa Bhord i mí Lúnasa 2012. Is dlíodóir í de réir gairme agus le blianta bhí sí ina comhpháirtí agus Ceann Dlíthíochta le McCann Fitzgerald. Tá taithí ar leith aici i réiteach díospóidí a bhaineann le tráchtáil, rialachán agus riarachán.

Is í Helen Rúnaí an Bhoird agus is í an tOifigeach um Chomhlíonadh i NDRC, cuideachta a aimsíonn, a thógann agus a chuireann acmhainní ar fáil do chuideachtaí digiteacha óga.

Tá Helen ina ball de Phainéal Bhinse Achomhairc Sheirbhísí Airgeadais na hÉireann, agus is idirghabhálaí creidiúnaithe CEDR í freisin.

Geoffrey Darling, Stiúrthóir

Is é an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a cheap Geoff don Bhord i mí Iúil 2014. Is comhairleoir loingis agus infheisteoir i longa é Geoff agus tá níos mó ná 40 bliain de thairbh aige laistigh den tionscal loingseoireachta, ar muir agus ar tír araon.

Is bunaitheoir é Geoff de ghrúpa infheistíochta próbháideach sa tionscal loingseoireachta agus is comhairleoir é dó freisin. Déanann an Chomhlacht codanna éagsúla an mhargaidh loingseoireachta a bhainistiú ar bhonn tráchtála, chomhinfeistíonn sí sna margáil seo agus ceannaíonn agus tógann sí longa ann.

Mar chomhairleoir, tugann sé comhairle do chliaint éagsúla maidir le gnéithe tráchtála agus oibríochta laistigh den tionscal loingseoireachta.

Bhí Geoff mar bhun-scairshealbhóir/stiúrthóir ar chomhlacht bainistíochta tráchtála neamhspleách loinge. D'éirigh an Chomhlacht a fhorbairt mar cheann de na hOibreoirí Speisialaithe 'Reefer' is fearr. Díoladh an Chomhlacht in 2005. Clúdaíonn a chuid tairbh go leor ról bhainistíochta éagsúla bunaithe ar tír laistigh den tionscal loingseoireachta. Is máistir-mhairneálach aicme 1 é Geoff atá cáilithe agus a bhfuil go leor tairbh aige, cuimsíonn a chuid tairbh mara 15 bliana ag trádáil ar fud an domhain i gcéimeanna mara lena n-áirítear Captaen.

Michael Hand, Stiúrthóir

Ceapadh Michael Hand ar Bhord Chuideachta Phort Bhaile Átha Cliath i mí Feabhra 2018 ar feadh tréimhse trí bliana. Tá an-tairbh ag Michael tar éis 30 bliain a chur de mar cheannaire sinsearach sna hearnálacha Comhairleoireachta, Innealtóireachta agus Tógála in Éirinn. Bhí sé ina Stiúrthóir agus ina Stiúrthóir Bainistíochta ar chuideachtaí próbháideacha agus poblí araon. Ba Phríomhfheidhmeannach agus Stiúrthóir freisin é ar Ghníomhaireacht Forbartha Ghráinseach Ghormáin. Tá dea-theist air maidir le dearadh agus cur i bhfeidhm mórthionscadal bonneagair straitéiseach ar fud na hÉireann. Lena hais sin, tá ainm déanta aige dó féin mar oibrí deonach agus Stiúrthóir san earnáil pobail dheonach.

Tá Michael thar a bheith cáilithe in Innealtóireacht agus Gnó. Tá Céim aige san Innealtóireacht Shibhialta ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus Máistreacht sa Riarachán Gnó ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. In 2014, bronnadh Dochtúireacht Oinigh air ó Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath (Iar-Institiúid Teicneolaíochta BÁC) mar aitheantas dá raibh bainte amach aige mar innealtóir, mar fhostaí seirbhíse poblí agus mar ghníomhaí ar mhaithe lena phobal féin. Is Comhalta de cheithre institiúid ghairmiúla é agus is Innealtóir Cairte, Stiúrthóir Cairte agus Bainisteoir Cairte Uisce & Comhshaoil é

Keith Nolan, Stiúrthóir

Ceapadh Keith do Bhord Chomhlacht Chalafort Bhaile Átha Cliath i Meán Fómhair 2017. Chuaigh Keith isteach sa Chomhlacht in 1997 agus bhí ról aige mar ríomhchláraitheoir TF. Ó shin i leith, chuaigh Keith ar aghaidh go dtí a ról reatha mar Bhainisteoir Oibríochtaí TFC, ag glacadh níos mó freagrachtaí agus ag cur feabhas ar a chuid scileanna ar an mbealach.

Tá an-tairbh ag Keith le TFC agus i rith a 21 bhliain sa Chomhlacht, fuair sé blaiseadh de gach rannóg den eagraíocht agus d'Oibríochtaí Chomhlacht Chalafort Átha Cliath ar fad.

Is comhalta seanbhunaithe de CSTGT é Keith agus tá sé bainteach go gníomhach le ról lárnach ar choiste rannóige CSTGT ar feadh beagnach 20 bliain.

Lesley Williams, Stiúrthóir


Is Stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin neamhspleách í Lesley Williams, atá ag cleachtadh a gairme. Ceapadh ar Bhord Chuideachta Phort Bhaile Átha Cliath í in Eanáir 2019 agus mar Chathaoirleach ar an gCoiste Iníúcháireachta agus Riosca i Márta 2019. Tá breis is 25 bliain tairbh aici ar sheirbhísí airgeadais, tar éis di poist shinsearach a bheith aici in Goodbody Stockbrokers, Investec Bank plc agus Euronext Dublin (Stocmhargadh na hÉireann roimhe seo).

Is ball comhlach í Lesley den Institiúid Anailísithe Airgeadais Cairte (CFA); bhíodh sí freisin ina ball comhlach den Institiúid Bainistíocht agus Taighde Infheistíochta (IIMR) agus ina Comhalta san Institiúid Chairte Urrús agus Infheistíochta. Tá diplóma aici sa stiúradh cuideachtaí ón Institiúid Stiúrthóirí, chomh maith le Teastas san Infheistíocht ESG ón CFA sa Ríocht Aontaithe.

Michael Sheary, Rúnaí na Chomhlachta & Príomhoifigeach Airgeadais

Tháinig Michael Sheary isteach sa Chomhlacht in 1982 agus bhí ról shinsearach éagsúla aige, lena n-áirítear Leas-Rialtóir Airgeadais, go dtí gur ceapadh é mar Rúnaí agus Príomhoifigeach Airgeadais an Chomhlachta in 2001. Ó shin i leith tá maoirseacht déanta ag Michael ar fheidhmeanna airgeadais, dlíthiúla agus riaracháin an Chomhlachta.

Cáilíodh Michael mar Chuntasóir Cairte Deimhnithe in 1988 agus glacadh é mar Chomhalta de Chumann na gCuntasóirí Cairte Deimhnithe in 1996. Is Stiúrthóir é de Chuideachta Gníomhaíochtaí Ainmnithe (DAC) Dhroichead na Rinne agus tá ionadaíocht déanta aige roimhe seo ar son Chomhlacht Chalafort Átha Cliath mar Stiúrthóir ar East Link Limited. Feidhmíonn Michael chomh maith mar iontaobhaí de scéim pinsin le Sochar Sainithe Chomhlacht Chalafort Átha Cliath.



“Ba ar sheirbhísí loingseoireachta leis an Ríocht Aontaithe a bhí 62.5% den mhéid aonadaithe iomlán de 1.5 milliún aonad. Ba ar sheirbhísí le Mór-roinn na hEorpa (CE) agus níos faide ar shiúl an 37.5% eile.”

RÓ RÓ

**BHÍ FÁS 2.6%
AG AONAD RÓ-RÓ GO
1,059,103 IN 2019
Ó 1,031,897 IN 2018**

Athbhreithniú ón bPríomhfheidhmeannach

“THÁINIG FÁS RÉASÚNTA 0.4% AR MHÉIDEANNA IOMLÁNA GO DTÍ 38.1M TONA COMHLÁN, AGUS IS TRÉCHUR NÍOS AIRDE NÁ RIAMH É SIN DON CHÚIGIÚ BLIAIN AS A CHÉILE.”



Athbhreithniú Trádála Comhlacht Chalafort Átha Cliath

In 2019, d’ainneoin fás láidir sa trádáil aonadaithe, d’fhás na méideanna iomlána 0.4%, ar méadú measartha é go dtí 38.1 milliún tona comhlán. Is é seo an cúigiú bliain as a chéile inar baineadh leibhéal tréchuir níos airde amach ná riamh. Tá fás 36.1% tagtha ar mhéideanna iomlána le seacht mbliain anuas, agus anois, tá siad 23.3% níos airde ná mar a bhí in 2007, roimh an gcúlú eacnamaíochta.

D’fhás allmhairí níos láidre ná onnmhairí le linn 2019, ag 0.5% agus 0.1%, faoi seach.

‘000 olltona	2019	2018	% athraithe
Allmhairí	22,858	22,741	0.5%
Onnmhairí	15,280	15,253	0.1%
Iomlán	38,138	37,994	0.4%

Ó thaobh modha de, tháinig fás 1.2% ar Ró-Ró i dtéarmaí tonnaí comhlána faoi fás 5.3% ar Ló-Ló.

Ba ionann an fás sa dá mhodh aonadaithe le chéile agus 2.1%.

I gcontráthacht leis sin, laghdaigh na modhanna neamh-aonadaithe 7.4%. Laistigh de sin, d’fhás Bulcleacht 0.9% agus Bulcsholad 23.4%.

‘000 olltona	2019	2018	% athraithe
Ró-Ró	24,348	24,050	1.2%
Ló-Ló	7,290	6,924	5.3%
Bulcleacht	4,662	4,621	0.9%
Bulcsholad	1,820	2,375	-23.4%
Briseadh Builc	17	24	-27.9%
Iomlán	38,138	37,994	0.4%
Aonadaithe	31,638	30,974	2.1%
Neamhaonadaithe	6,499	7,020	-7.4%

Ba é an t-athrú ba shuntasáí a tharla i rith na bliana na an laghdú 0.6 milliún tona ar an modh Bulcsholaid. Ba é ba chúis leis sin go príomha ná laghdú ar iompórtáil bia ainmhithe agus gránach agus ar easpórtáil tiúchán méine.

Is é an aimsir a bhí ann le linn shéasúir fáis na mblianta roimhe a chinneann, den chuid is mó, na méideanna bia ainmhithe agus gránach in aon bhliain ar leith. Nuair a bhíonn soláthar ard féir agus fodair ann, is íseal an t-éileamh a bhíonn ar allmhairí bia ainmhithe agus gránach.

Ba é ba chúis leis an laghdú ar thiúcháin mhéine ná dúnadh sealadach Mhianach na Teamhrach Boliden chun oibreacha tógála a éascú laistigh den Tionscadal ABR. Tá na hoibreacha sin tugtha chun críche anois agus tá na honnmhairí tiúchán méine ar ais ag na leibhéil is gnách dóibh.

Bhí feithiclí trádála 4.4% níos ísle in 2019, tar éis dóibh fás 4.1% sa bhliain roimhe.

	2019	2018	%
Feithiclí trádála	98,897	103,443	-4.4%

Cuireadh tús le seirbhís farantóireachta ilchuspóireach nua idir Baile Átha Cliath agus Cherbourg i rith na bliana, agus dá bharr sin, tháinig fás láidir de 6.7% ar líon na bpaisinéirí agus de 9.9% ar fheithiclí turasóireachta.

	2019	2018	%
Paisinéirí farantóireachta	1,949,229	1,827,674	6.7%
Feithiclí turasóireachta	559,506	508,960	9.9%

I gcomhréir leis an ngné thurasóireachta den ghnó farantóireachta, d'éirigh go han-mhaith leis an turasóireacht farantóireachta freisin, agus bhí 158 long ann i rith 2019 i gcomparaid le 150 an bhliain roimhe.


Anuas ar líon méadaithe long crúsála a bheith ann, tháinig ardú 11.1% ar an meánmhéid loinge.

	2019	2018	%
Cuairteanna long crúsála ar phort	158	150	5.3%
Paisinéirí agus criú	323,234	276,927	16.7%
Olltonnáiste	8,792,405	7,512,749	17.0%
Olltonnáiste meánach in aghaidh na loinge	55,648	50,085	11.1%


Má bhreathnaítear ar an scéal i dtéarmaí aonaid le haghaidh Ró-Ró agus TEU (aonad choibhése fiche troigh) le haghaidh Ló-Ló, d'fhás na méideanna 2.6% agus 6.5%, faoi seach.

	2019	2018	%
Aonaid Ró-Ró	1,059,103	1,031,897	2.6%
Aonaid choibhése fiche troigh Ló-Ló	774,000	726,928	6.5%

Olltonaí d'allmhairí/onnmhairí ('000)



Móid olltonaí ('000)



Ó thaobh treochtaí fadtéarmacha de, tá na méideanna Ró-Ró 44.5% níos airde ná mar a bhí in 2007. Anuas air sin, tá na méideanna Ló-Ló tar éis fás, sa deireadh thiar thall, go dtí leibhéal níos airde ná mar a bhí acu 12 bhliain ó shin.

	2019	2007	% athraithe
Aonaid Ró-Ró	1,059,103	733,141	44.5%
Aonaid choibhése fiche troigh Ló-Ló	774,000	743,937	4.0%

Má chuirtear Ró-Ró agus Ló-Ló le chéile (trí Ló-Ló a thomhas de réir aonad seachas i dtéarmaí TEU), d'fhás an tréachur iomlán don bhliain 3.6% go dtí 1.5 milliún aonad.

Aonaid	2019	2018	Athrú	% athraithe
Ró-Ró	1,059,103	1,031,897	27,206	2.6%
Ló-Ló	432,510	407,463	25,047	6.1%
Iomlán	1,491,613	1,439,360	52,253	3.6%

Athbhreithniú ón bPríomhfheidhmeannach ar leanúint

Iarmhairtí an Bhreimeachta

Cé nach raibh an fás foriomlán ach ag an leibhéal measartha maith de 0.4%, tháinig fás suntasach ar na modhanna aonadaithe, a spreagann riachtanais infheistíochta caipitiúla na Cuideachta.

Ba ar sheirbhísí loingseoireachta leis an Ríocht Aontaithe a bhí 62.5% den mhéid aonadaithe iomlán de 1.5 milliún aonad. Ba ar sheirbhísí le Mór-roinn na hEorpa (CE) agus níos faide ar shiúl an 37.5% eile.

Ba é an t-athrú ba shuntasá i rith 2019 ná an laghdú 0.2% ar an trádáil aonadaithe leis an Ríocht Aontaithe, agus an meadú 10.7% ar an trádáil le Mór-roinn na hEorpa agus níos faide ar shiúl.

	2019	2018	Athrú	% athraithe	
Ríocht Aontaithe	Ró-Ró	897,479	889,557	7,922	0.9%
	Ló-Ló	35,415	45,296	-9,881	-21.8%
	Ríocht Aontaithe Iomlán	932,894	934,853	-1,959	-0.2%
CE	Ró-Ró	161,624	142,340	19,284	13.5%
	Ló-Ló	397,095	362,167	34,928	9.6%
	CE Iomlán	558,719	504,507	54,212	10.7%

Má leantann an treocht seo ar aghaidh de réir mar a théann an Breatimeacht chun cinn, beidh tuilleadh acmhainneachta (beartanna agus talamh) ag teastáil i bPort Bhaile Átha Cliath chun freastal ar mhéid ainmnithe lasta aonadaithe amach anseo ná mar a bheadh murach sin. D'fhéadfadh sé sin a bheith ina dhúshlán i dtaca le hacmhainneacht deiridh de 77 milliún tona comhlán per annum faoi 2040, de réir mar atá leagtha amach sa Mháistirphlean.

Feidhmíocht Airgeadais in 2019

Mhéadaigh an láimhdeachas don bhliain faoi €2.3m (2.6%) ó €90.4m in 2018 go dtí €92.7m in 2019. Tá sé sin i gcomhréir leis an bhfás ar mhéideanna i rith na tréimhse, agus le coigeartuithe ar phraghsanna a cuireadh i bhfeidhm i rith na bliana.

Ba ionann agus €48.5m na costais oibriúcháin iomlána in 2019, arbh ionann é agus méadú €4.9m (11.2%) i gcomparáid leis an mbliain roimhe mar thoradh ar roinnt tosca:

- Scéim iomarcaíochta deonaí a thabhairt chun críche ar chostas €2.9m, agus tréimhse aiscioca de 2.1 bhliain san áireamh.
- Muirear dímhéasa níos airde de €0.7m mar thoradh ar infheistíocht chaipitiúil.
- Costais phinsin níos airde de €0.1m.

Gan na míreanna thuas a chur san áireamh, d'ardaigh na bunchostais oibriúcháin laethúla faoi 3.7% ó €32.7m in 2018 go dtí €33.9m in 2019.

Mar thoradh ar an méid thuas, ba ionann brabús oibriúcháin na Cuideachta in 2019 agus €44.2m; is laghdú €3.2m (6.7%) é sin i gcomparáid leis an mbliain roimhe, nuair a ghnóthaigh an Chuideachta brabús oibriúcháin de €47.4m.

€'000	2019	2018	% athraithe
Láimhdeachas	92,723	90,374	2.6%
Brabús Oibriúcháin	44,229	47,388	-6.7%
PBT	44,619	47,855	-6.8%
PAT	38,645	41,521	-6.9%

Ba ionann an muirear cánachais don bhliain agus €6.0m, i gcomparáid le €6.3m in 2018.

Ba é an brabús don Bhliain Airgeadais 2019 ná €38.6m, i gcomparáid le €41.5m in 2018, arbh ionann é agus laghdú €2.9m (6.9%).

Laghaigh an TRÚCDA (Tuilleamh Roimh Ús agus Cháin) faoi €1.9m (3.3%) ó €55.8m in 2018 go dtí €54.0m in 2019. Ba é an infheistíocht €2.9m sa scéim iomarcaíochta deonaí atá sonraithe thuas a bhí taobh thiar den laghdú, den chuid is mó. Gan an muirear sin san áireamh, d'ardaigh an bun-TRÚCDA faoi €1.0m (1.8%) in 2019.

€'000	2019	2018
Brabús Oibriúcháin	44,229	47,388
Dímheas	10,318	9,599
Amúchadh	(582)	(542)
Ioncam eile	-	(600)
Míreanna neamhghnácha – brabús ar dhíúscairt sócmhainní	(5)	(18)
TRÚCDA	53,960	55,827
Scéim iomarcaíochta deonaí	2,883	-
Bun-TRÚCDA	56,843	55,827

Ba é an Toradh ar Chaipiteal a Úsáidtear (ROCE) don bhliain 2019 ná 8.2%, i gcomparáid le 10.2% in 2018, rud a léirigh an infheistíocht shuntasach a rinneadh i sócmhainní seasta i gcaitheamh na bliana. Ba é iomlán na sócmhainní sin ná €564.5m, i gcomparáid le €496.6m ag deireadh 2018. Is é is bonn leis an athrú ar Shócmhainní Seasta don bhliain ná méideanna breise de €78.1m arna bhfritháireamh ag dímhéas sa bhliain de €10.2m.

Is é seo thíos achoimre ar an nglanriocht fiachais amhail ag deireadh na bliana.

€m	2019	2018
lasachtaíochtaí	198.6	134.8
Airgead tirim	77.3	43.3
Glanfhiachas	121.3	91.6

Mhéadaigh na hiasachtaíochtaí iomlána faoi €63.8m tar éis íostarraingt an chéad tráinse €100m ó shaoráid fiachais láithrithe phríobháidigh de €300m a comhaontaíodh le Allianz. Ba ionann agus €36.3m aisíocaíocht na n-iasachtaí Bhanc Uladh agus EIB i gcaitheamh na bliana.

Mar thoradh ar an maoiniú atá i bhfeidhm anois, is maith a bheidh an Chuideachta in ann leanúint de chur i bhfeidhm chlár infheistíochta caipitiúla an Mháistirphlean lena ndéanfar infheistíocht i mbonneagar de níos mó ná €1 billiún atá pleanáilte don chéad deich mbliana romhainn amach.

An Dealramh atá ar Ghnóthaí le haghaidh 2020

Tar éis fás leanúnach ó 2013, ba bhliain dhúshlánach é 2019 mar gheall ar an mBreataineacht.

Chun muid féin a ullmhú lena aghaidh sin, táimid tar éis áiseanna a sholáthar ar dheich heicteár de thailte poirt i gcomhair gníomhaireachtaí Stáit, lena n-áirítear Custam agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Is cailteanas suntasach é sin i bhfianaise an ghanntanais tailte, agus níor cheapamar riamh go mbeadh gá leis agus an Máistirphlean á fhorbairt againn den chéad uair in 2012. Tá na hullmhúcháin le haghaidh an Bhreataineachta tar éis cur isteach ar thionscadail chaipitil leanúnacha freisin, agus faoi dheireadh 2020, beidh orainn aghaidh a thabhairt ar an neamhchinnteacht a bhaineann le moilleanna mar thoradh ar sheiceálacha nua ar thrádáil leis an mBreataine Mhór.

Ós rud é go bhfuilimid tar éis bonneagar a chur ar fáil i gcomhair na seirbhísí cigireachta teorann a theastaíonn de bharr an Bhreataineachta, beimid ag brath ar thríú páirtithe (gníomhaireachtaí Stáit, cuideachtaí farantóireachta agus a gcustaiméirí tarlóra) chun na hullmhúcháin a thabhairt chun críche i rith 2020 d'fhonn a chinntiú go rachaidh an trádáil leis an mBreataine Mhór chun cinn gan aon fhadhbanna.

I rith 2020, táimid ag súil go bhfaighimid cinneadh ón mBord Pleanála ar ár n-iarratas pleanála maidir lenár dTionscadal MP2. Is é seo an dara ceann de thrí thionscadal straitéiseacha um fhorbairt bonneagair, a mbainfear fíis Mháistirphlean 2040 amach mar thoradh orthu uile, agus i rith 2020, tosóimid ag obair ar an tréimh ceann de na tionscadail sin (an ceann deireanach) chun áiseanna a fhorbairt ar Leithinis an Phoill Bhig. Áireofar leis sin Bealach Rochtana ar an bPort Theas a thógáil mar bhóthar poirt inmheánach a chuirfidh ar chumas daoine taisteal chuig Tollán Comhlacht Chalafort Átha Cliath agus ar ais uaidh, agus a éascóidh trácht poirt ón taobh ó dheas den phort.

Is mór an dúshlán é acmhainneacht poirt a phleanáil a bhféadfadh 20 bliain a bheith i gceist lena cur i bhfeidhm, agus i rith 2020, beidh orainn a bheith ag machnamh freisin ar cén áit agus conas a chuirfear acmhainneacht poirt bhreise ar fáil ar chósta thoir na tíre le freastal ar fhás i ndiaidh 2040; is ag an tráth sin a bheidh barr a acmhainneachta tréchuir bainte amach ag Port Bhaile Átha Cliath, dar linn.

Tá Port Bhaile Átha Cliath féinmhaoinitheach agus is gá dó an port a fhorbairt lena chuid acmhainní féin. Má théimid i bhfiacha go mór, ní foláir dúinn an méid céanna brabúis a ghiniúint. Bhí i gceist againn i rith 2019 athbhreithniú a dhéanamh ar ár muirir bonneagair poirt agus beartas praghsála a chur i bhfeidhm



a chuirfeadh ar chumas na Cuideachta leanúint de chlár infheistíochta caipitiúla an Mháistirphlean a thabhairt chun críche le linn na deich mbliana atá romhainn amach. Cuireadh ar ceal é sin agus beidh sé ag tarlú i rith 2020.

Beidh tionscnaimh mhóra idir lámha maidir le Sláinte agus Sábháilteacht i rith na bliana atá romhainn, ní in oibríochtaí na Cuideachta amháin ach in oibríochtaí uile Comhlacht Chalafort Átha Cliath, ar muir agus ar tír.

Anuas air sin, earcóimid speisialtóirí comhshaoil agus éiceolaíochta chun scileanna nua a thabhairt isteach sa Chuideachta, rud is bunriachtanach má táimid chun dul i ngleic leis na dúshlán iomadúla maidir leis an gcomhshaoil, mar shampla an t-athrú aeráide, cáilíocht an aeir agus an bhithéagsúlacht.

Tar éis dúinn comhairliúchán poiblí a réachtáil i dtaca le turasóireacht crúsála, beimid ag tabhairt faoi chinnteoireacht thábhachtach i rith 2020 faoi cé acu an leanfaimid nó nach leanfaimid d'fhorbairt Shíneadh Ché an Phoirt Thuaidh chun bearta a sholáthar i gcomhair longa crúsála móra.

Ar deireadh, tá Covid-19 tar éis tionchar suntasach a imirt ar an ngníomhaíocht eacnamaíoch sa tír laistigh d'achar ama an-ghearr. Cé nach bhfuil aon dabht ach go mbeidh drochthionchar aige sin ar ár méideanna tréchuir agus, dá bharr sin, ar ár n-ioncam, tá ról lárnach fós ag Port Bhaile Átha Cliath inár mbonneagar náisiúnta, agus is nód ríthábhachtach é sa slabhra iompair i dtaca le sreabhadh leanúnach allmhairí agus onnmhairí riachtanacha a chinntiú i gcónaí. Leanfaimid d'athbhreithniú a dhéanamh ar gach cineál caiteachais, idir caiteachas oibríocháin agus caiteachas caipitil, lena chinntiú go gcoinníonn an Chuideachta an leachtacht agus an láidreacht airgeadais le go mbeimis fós in ann ár sainchúram lárnach a chomhlíonadh, mar atá, an trádáil a éascú.

Eamonn O'Reilly

Príomhfheidhmeannach
27 Márta 2020

BULC



“Ba é an t-athrú ba shuntasáí a tharla i rith na bliana na an laghdú 0.6 milliún tona ar an modh Bulcsholaid. Ba é ba chúis leis sin go príomha ná laghduithe ar iompórtáil bia ainmhithe agus gránach agus ar easpórtáil tíúchán méine.”



**IN 2019 THÁINIG FÁS +0.9%
AR BHULCLEACHTANNA GO
DTÍ 4,662,000 TONA, AGUS
THÁINIG LAGHDÚ -23.4%
GO DTÍ 1,820,000 TONA AR
BHULCSHOLAID.**

Tuarascáil na Stiúrthóirí

Cuireann na Stiúrthóirí a dTuarascáil Bhliantúil i láthair, mar aon le ráitis airgeadais iniúchta na Cuideachta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019.

Freagracht na Stiúrthóirí as na Ráitis Airgeadais

Is iad na Stiúrthóirí atá freagrach as tuarascáil na Stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir Acht na gCuideachtaí 2014.

Ceanglaíonn dlí cuideachtaí na hÉireann ar na Stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú maidir le gach uile bhliain airgeadais. De réir an dlí, tá sé roghnaithe ag na Stiúrthóirí, na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le FRS 102 *an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe agus Poblacht na hÉireann, arna eisiúint ag an Financial Reporting Council* ("an creat ábhartha um thuairisciú airgeadais"). Faoi dhlí cuideachtaí, níl cead ag na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhaomhadh go dtí go bhfuil siad sásta go dtugann siad léargas ceart agus cóir ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais na Cuideachta amhail ar dháta deireadh na bliana airgeadais, agus ar bhrabús agus cailiteanas na Cuideachta sa bhliain airgeadais, agus go gclóíonn siad ar gach bealach eile le hAcht na gCuideachtaí 2014.

Le linn do na ráitis airgeadais sin a bheith á n-ullmhú, éilítear ar na Stiúrthóirí:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú le haghaidh Ráitis Airgeadais na Cuideachta agus iad a chur i bhfeidhm go leanúnach ansin;
- breitheanna agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- a dhearbhuí cé acu ar ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta ábhartha, na caighdeáin sin a shainithint, agus nóta a dhéanamh de na hiarmhairtí agus na cúiseanna is bonn le haon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantair ach amháin má tá sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an Chuideachta i mbun gnó.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go gcoinneoidh an Chuideachta, nó go gcuirfead faoi deara don Chuideachta iad a choinneáil, taifid chuntasaíochta chruinn, a dhéanann idirbhearta na Cuideachta a mhíniú agus a thairféadadh i gceart, a ligeann dóibh sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais, agus brabús agus cailiteanas na Cuideachta a dheimhniú go réasúnta cruinn, a chuireann ar a gcumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais agus tuarascáil na Stiúrthóirí Acht na gCuideachtaí 2014, agus a éascaíonn iniúchadh na ráiteas airgeadais. Tá siad freagrach chomh maith as sócmhainní na Cuideachta a chosaint agus as bearta réasúnta a dhéanamh dá bharr chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

D'fhéadfadh difríochtaí a bheith ann idir an reachtaíocht Éireannach lena rialaítear ullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais agus an reachtaíocht chéanna i ndlínsí eile. Tá na Stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus ionracas na faisnéise corparáide agus airgeadais atá ar fáil ar láithreán gréasáin na Cuideachta.

Stádas Dlúthiúil

Cuideachta Gníomhaíochta Sainithe faoi theorainn scaireanna is ea Cuideachta Comhlacht Chalafort Átha Cliath, ar bunaíodh í faoi reacht de bhun an Acht Cuanta, 1996, agus atá ionchorpraithe in Éirinn. Ar an 3 Márta 1997, tháinig an Chuideachta isteach mar eintiteas comharba in áit Bhord Point agus Duganna Bhaile Átha Cliath, an t-iar-eintiteas reachtúil a bhíodh freagrach as Port Bhaile Átha Cliath. Ar an dáta sin, ghlac Cuideachta Comhlacht Chalafort Átha Cliath ceannas ar fheidhmeanna na heagraíochta réamhtheachtaí, agus ghlac siad seilbh ar a sócmhainní agus dliteanais, bunaithe ar luachálacha a comhaontaíodh leis an Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha a bhí ann ag an am. Mar chomaoin i leith na sócmhainní agus na ndliteanas, d'eisigh an Chuideachta scairchaipiteal ar luach €7.648m don Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha a bhí ann ag an am.

Le héifeacht ón 26 Iúil 1997, bhí an Chuideachta ina húdarás póilótaíochta do Bhá Bhaile Átha Cliath.

Le héifeacht ón 1 Eanáir 2006, aistríodh freagracht as Eanáil na bPort Tráchtála ón Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha go dtí an t-Aire Iompair.

Ar an 12 Iúil 2011, d'aistrigh an tAire Iompair sócmhainní agus dliteanais Chuideachta Phort Dhún Dealgan chuig Cuideachta Comhlacht Chalafort Átha Cliath faoi IR Uimh. 361 de 2011.

Príomhghníomhaíochtaí

Is é cuspóir gnó Chuideachta Comhlacht Chalafort Átha Cliath ná gluaiseacht earraí agus paisinéirí, agus an sreabhadh eolais bainteach, a éascú tríd an bPort.

Soláthraíonn an Chuideachta an bonneagar, na háiseanna, na seirbhísí agus na láithreacha crua-sheasta le freastal ar riachtanais custaiméirí maidir le haistriú éifeachtúil earraí agus paisinéirí idir nóid tíre agus muirí.

Gintear ioncam, maidir leis na háiseanna sin a chur ar fáil, ó na nithe seo a leanas: dleachtanna soithigh, dleachtanna earraí, cíós agus na príomhsheirbhísí a chuirtear ar fáil, amhail tuáil agus póilótaíocht.

Taifid Chuntasáíochta

Is iad na bearta a chuireann na Stiúrthóirí i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar riachtanais ailt 281 go dtí 285 d'Acht na gCuideachtaí, 2014 maidir le taifid chuntasáíochta leordhóthanacha a choinneáil, ná úsáid córas agus nósanna imeachta cuí agus fostú daoine inniúla. Coimeádtar na taifid chuntasáíochta in oifig chláráithe na Cuideachta, Ionad an Phoirt, Bóthar Alexandra, Baile Átha Cliath 1.

Athbhreithniú Gnó

Tá mionsonraí faoi bhrabús na bliana, mar aon le suimeanna comparáideacha le haghaidh 2018, leagtha amach sa Chuntas Brabúis agus Cailteanais agus sna nótaí gaolmhara. Tá Príomhtháscairí Feidhmíochta Airgeadais an ghnóthais leagtha amach thíos agus san Athbhreithniú ón bPríomhfheidhmeannach.

Bhí an tréchur níos airde ná in 2018 faoi 0.4%, ag 38.1 milliún tona (2018: 38.0m tona). D'fhás allmhairí faoi 0.1% sa bhliain go dtí 15.3 milliún tona (2018: 15.3 milliún tona), agus d'fhás onnmhairí faoi 0.5% go dtí 22.8m tona (2018: 22.7 milliún tona).

Ba é €92.7m láimhdeachas na bliana, méadú 2.6% ar an mbliain roimhe (2018: €90.4m).

Bhí €48.5m ar chostais oibriúcháin iomlána in 2019; ba mhéadú €4.9m (11.2%) é sin ar 2018 (2018: €43.6m). Mhéadaigh costais phárolla faoi €0.5m (3.9%) mar thoradh ar mhéaduithe ginearálta ar thuarastal. Tháinig méadú €4.4m ar chostais neamh-phá eile, méadú a d'eascair go príomha as costais atheagraithe de €2.9m mar thoradh ar scéim iomarcaíochta deonaí do bhaill foirne i dtreo dheireadh na bliana, costais dímhéasa mhéadaithe de €0.7m agus costais slándála mhéadaithe de €0.6m.

Thit an brabús oibriúcháin go dtí €44.2m in 2019 ó €47.4m in 2018, rud a raibh Corrlach Oibriúcháin de 48% mar thoradh air (2018: 52%).

Ba é an glanioncam maoinithe ná €0.4m (2018: €0.5m). Is ionann an t-ioncam airgeadais agus €1.1m (2018: €973k).

Ba iad na glanmhuirir úis (gan ghlan-ús ar scéimeanna pinsin san áireamh) ná €0.7m (2018: €0.5m) agus is ionann cóimheas cumhdaigh ar ús na Cuideachta agus 65 (2018: 94), bunaithe ar bhrabús roimh ús agus cáin, de bhreis ar ghlanmhuirir úis. Mhéadaigh an glanfhiachas ó €91.6m in 2018 go dtí glanfhiachas de €121.4m in 2019 agus tá na cúnaint uile á gcomhlíonadh ag an gCuideachta i ndáil lena saoráidí iasachtaíochta.

Ba é brabús na bliana airgeadais ná €38.6m (2018: €41.5m).

Tháinig méadú ar an gCúlchiste Brabúis agus Cailteanais ó €425.1m amhail ar an 31 Nollaig 2018 go dtí €455.1m, agus tháinig méadú ar Chistí na Scairshealbhóirí ó €440.4m go dtí €470.4m sa tréimhse chéanna.

Baineadh tréchur de 38.1 milliún tona amach in 2019, agus bhí sé sin 5.0% taobh thiar den 40.1 milliún tona a raibh buiséad pleanáilte ina leith.

Rioscaí agus Éiginnteachtaí Príomha

Baineann ceann de na príomhéiginnteachtaí a gcaithfear déileáil leis le cumas na Cuideachta acmhainneacht a sholáthar don mhargadh. I Meitheamh 2018, d'fhoilsigh an Chuideachta "**Máistirphlean Comhlacht Chalafort Átha Cliath 2040 - Athbhreithnithe in 2018**", agus rinne sé sin an chéad Mháistirphlean, ar glacadh leis in 2012, a nuashonrú. Foilsíodh an Máistirphlean, de réir mar a athbhreithníodh é, tar éis próiseas comhairliúcháin poiblí forleathan.

Is é cuspóir an Mháistirphlean ná a léiriú do na páirtithe leasmhara go léir conas a fhorbrófar an Port chun freastal ar a riachtanais sna blianta amach anseo. I ndiaidh an hathbhreithnithe in 2018, aithníodh roinnt conclúidí bunúsacha mar seo a leanas;;

- Ar an gcéad dul síos, samhlaíodh sa Mháistirphlean filleadh ar leathnú Comhlacht Chalafort Átha Cliath soir isteach go Cuan Bhaile Átha Cliath, ach anois níl Cuideachta Comhlacht Chalafort Átha Cliath ag dul ar aghaidh leis mar rogha.
- Ar an dara dul síos, chun freastal ar na riachtanais acmhainneachta a bhfuiltear ag súil leo, is gá do Comhlacht Chalafort Átha Cliath a bheith forbartha ar bhonn fás meánmhéideanna bliantúil de 3.3% i rith na tréimhse 30 bliain ó 2010 go dtí 2040, seachas an 2.5% a rabhtas ag glacadh leis in 2012. Dá bharr sin, tá ardú ó 60m tona go dtí 77m tona ar an riachtanas acmhainneachta le haghaidh 2040.

Leagann Máistirphlean 2040 creat amach, agus faoin gcreat sin tabharfar tionscadail riachtanacha chun tosaigh le haghaidh pleanála agus toilithe eile chun a chinntiú go dtógfar na háiseanna in am chun freastal ar an éileamh.

Ba é an chéad príomhthionscadal a cuireadh chun tosaigh faoin Máistirphlean ná Tionscadal Athfhorbartha Thaiscumar Alexandra, agus leanadh den tionscadal sin a thógáil i rith 2019. Cuireadh iarratas pleanála i ndáil leis an dara príomhthionscadal, an Tionscadal MP2, go díreach faoi bhráid An Bhoird Phleanála in 2019 de réir na reachtaíochta Bonneagair Chriticiúil. Bhí éisteacht ó bhéal ann i Nollaig 2019 i ndáil leis an iarratas, agus táthar ag súil le cinneadh pleanála go luath in 2020.

Mar is léir ón titim ar thrádáil sa chuid dheireanach den bhliain 2008 agus sa chéad chuid den bhliain 2009, tá an Chuideachta, i ngnáthchúrsa a gcuid oibriúcháin, neamhchosanta ar thionchar cúlaith eacnamaíochta ar ghníomhaíochtaí an Phoirt. Tá fás faoi 36% tagtha ar thréachur Comhlacht Chalafort Átha Cliath le seacht mbliana anuas, agus dá bharr sin, tá na leibhéil trádála níos airde faoi 23% ná mar a bhí siad ag an mbuaicphointe roimhe sin sa bhliain 2007. Is léir go mbeidh tionchar ag a bhfuil i ndán do gheilleagar na hÉireann i gcoitinne ar an bhfás a dhéanfaidh an Chuideachta amach anseo.

Tuarascáil na Stiúrthóirí ar leanúint

I ndáil leis sin, beidh éifeacht iarmhartach ag an tionchar a bheidh ag an mBreatimeacht ar Éirinn ar an leibhéal maicreacnamaíoch, agus ar fhás na holltáirgeachta intíre (OTI) go háirithe, ar mhéideanna Comhlacht Chalafort Átha Cliath. Cé go bhfuil an AE agus an Ríocht Aontaithe tar éis dul i mbun plé faoin gcaidreamh trádála nua atá le bunú tar éis imeacht na Ríochta Aontaithe, d'fhéadfadh fós go mbeadh Breatimeacht crua ann in éagmais comhaontaithe. Ar leibhéal praiticiúil, má tharlaíonn Brexit crua agus má thugtar rialú custaim isteach dá bharr sin, beidh ar an gCuideachta acmhainní talún, atá gann cheana féin, a leithdháileadh chun custaim agus gníomhaireachtaí stáit eile a éascú. Tá an Chuideachta tar éis tógáil áiseanna cigireachta príomha a thabhairt chun críche, agus tá siad ag leanúint d'obair le hOifig na nOibreacha Poiblí agus leis na gníomhaireachtaí Stáit ábhartha i dtaca le soláthar áiseanna cigireachta tánaistí.

In imeacht na chéad ráithe de 2020, tá riosca eile ann don trádáil dhomhanda anois, mar atá, ráig Covid-19 (Coróinvíreas), agus d'fhéadfadh sé sin éifeacht iarmhartach a bheith aige ar mhéideanna trí Comhlacht Chalafort Átha Cliath.

Tá an Chuideachta tar éis a chinntiú go mbeidh de shaoirse acu fós, agus an clár infheistíochta caipitiúla á bhaint amach acu a bhfuiltear ag súil leis faoin Máistirphlean 2040, cur i bhfeidhm tionscadal a chur chun tosaigh nó a mhoilliú chun freagairt d'fhorbairt eacnamaíoch níos leithne a d'fhéadfadh a bheith ag tarlú ag am ar bith.

Anuas air sin, tá an Chuideachta neamhchosanta ar thionchar cúlaith eacnamaíoch ar a bhunghníomhaíochtaí nach bhunghníomhaíochtaí Poirt iad. Is fianaise air sin an laghdú ó €10.9m in 2001 go dtí €4.4m ag deireadh na bliana 2013 ar luach réadmhaoine infheistíochta na Cuideachta atá lonnaithe i bPáirc Gnó Rinn an Oirthir. Rinne ár gcomhairleoirí réadmhaoine athluacháil ar an réadmhaoin ag deireadh na bliana 2019, agus níor athraíodh an luacháil €8.5m ón mbliain roimhe. Faoi láthair, tá laghdú carnach €2.4m tagtha ar luach na réadmhaoine.

Tá an Chuideachta tiomanta dá neamhchosaint ar riosca a bhainistiú go rathúil agus do thionchar an riosca a íoslághdú maidir le cuspoirí gnó a bhaint amach. Bhunaigh an Bord Coiste Iniúcháireachta agus Riosca a bhfuil téarmaí tagartha ar leith aige a léiríonn ról an Choiste maidir le tacaíocht a thabhairt don Bhard chun neamhchosaint na Cuideachta ar riosca a bhainistiú.

Tá Creat Bainistíochta Riosca curtha i bhfeidhm ag an gCuideachta, a bhfuil na gnéithe seo a leanas ina gcuid de:

- Próisis chun rioscaí a aithint, a chur in ord tosaíochta agus a chur i gcatagóir,
- Rioscaí a mheas agus a thomhas go leanúnach, agus
- Monatóireacht a dhéanamh ar rioscaí agus iad a thuairisciú don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca mar fhochoiste Boird.

Tá an Creat Bainistíochta Riosca cuimsitheach seo forbartha i ngach gné den ghnóthas agus áirítear leis na gnéithe seo a leanas:

1. Bainistíocht Riosca Fiontair
2. Plean Bainistíochta Éigeandála
3. Bainistiú Riosca TFC
4. Bainistiú Riosca maidir leis an bPíblíne Ola Coitianta
5. Bainistiú Riosca maidir le Tionscadail Chaipitil
6. Athbhreithniú Bliantúil ar Straitéis an Bhoird

I bhFeabhra 2020, chuir an Bord athbhreithniú ar an gCreat Bainistíochta Riosca i gcrích, agus d'aontaigh siad na bearta breise seo a leanas a chur i bhfeidhm d'fhonn bainistiú foriomlán rioscaí sa Chuideachta a láidriú:

- I láthair gach cruinnithe Boird, cuirfidh an Príomhoifigeach Riosca (an Príomhfheidhmeannach) Tuairisc maidir le Riosca Straitéiseach i láthair ina ndíreofar ar rioscaí faoi leith a bhfuil baint acu le straitéisí.
- Gach bliain ag an athbhreithniú bliantúil ar Straitéisí an Bhoird (i Meitheamh / Iúil), déanfar na rioscaí a tuairiscíodh agus a pléadh ag cruinnithe Boird i rith na bliana a chuimsiú sa chlár oibre don athbhreithniú ar straitéisí an Bhoird lena chinntiú go gcuirfear na rioscaí straitéiseacha sin san áireamh i bpleananna gearrthéarmacha gnó.
- Beidh na freagairtí ar na rioscaí straitéiseacha cuimsithe ansin sa Chlár Oibre a chuirfear faoi bhráid an Bhoird i Meán Fómhair sula dtosófar ag ullmhú buiséad don bhliain le teacht.
- Ó am go chéile, déanfaidh an Bord athbhreithniú seachtrach a choimisiúnú ar éifeachtúlacht chur chuige foriomlán na Cuideachta i leith bainistiú riosca, de réir mar atá éilte sa Chód Cleachtas. Tabharfar faoin gcéad athbhreithniú den chineál sin in 2020.

Inghlacthacht riosca

Is éagsúil an Inghlacthacht riosca sa Chuideachta, ag brath ar na réimsí agus gníomhaíochtaí difriúla lena mbaineann an gnó:

- Tá an Bord toilteanach glacadh le leibhéal measartha riosca agus iad ag iarraidh a spriocanna straitéiseacha a bhaint amach.
- Tuigeann an Bord go bhfuil comhbhabhtáil idir an riosca agus an luach saothair, agus chun inghlacthacht riosca cothromaithe a bhaint amach, glacann siad cur chuige stuama chucu féin maidir lena chinntiú go maoinítear an gnóthas go leordhóthanach, go háirithe ó thaobh tionscadail bhonneagair a mhaoiniú de. Níl an Bord sásta aon seansanna a thógáil a d'fhéadfadh príomhchúnaint i gcomhaontuithe na Cuideachta maidir le háiseanna fiachais a chur i mbaol.
- Is tosaíocht de chuid an Bhoird é sábháilteacht paisinéirí, cuairteoirí, ball foirne agus oibrithe sa phort, agus is inghlacthacht thar a bheith íseal atá ag an mBord sna réimsí sábháilteachta agus slándála.
- Téann an Chuideachta i muinín bearta chun rioscaí oibriúcháin a shainiú agus a bhainistiú. Tá inghlacthacht riosca an-íseal ann i ndáil le córais chriticiúla a chothabháil agus sonraí a chosaint.

- Bíonn an Chuideachta ag iarraidh a chinntiú go bhfreastalaíonn a ngníomhaíochtaí comhlóna ar riachtanais na rialachán ábhartha, agus cloíonn siad le hinghlacthacht riosca íseal ó thaobh ceisteanna comhlóna agus rialála de.

Ina theannta sin, úsáidtear na bearta seo a leanas chun riosca iomlán na feidhmíochta gnó a bhainistiú:

- Ullmhú Buiséid Bhliantúil agus Pleananna Airgeadais Cúig Bliana,
- Tuairisciú agus Anailís ar Athraitheas mhíosúil,
- Rialuithe Airgeadais,
- Príomhtháscairí Feidhmíochta, agus
- Polasaithe, Caighdeáin agus Treoirínte mionsonraithe chun tacú le rialú agus le maolú rioscaí.

Bainistiú an Riosca Airgeadais

De bharr a gcuid oibríochtaí, tá an Chuideachta neamhchosanta ar raon rioscaí airgeadais, lena n-áirítear riosca ráta úis, riosca creidmheasa agus riosca maidir le leachtacht agus sreabhadh airgid. Déantar athbhreithniú rialta ar bheartais chun an Chuideachta a chosaint ar rioscaí airgeadais. Níl an fhreagracht chun monatóireacht a dhéanamh ar an mbainistiú riosca airgeadais fágtha faoi fhochoiste an Bhoird ag na Stiúrthóirí. Is iad an Bord Stiúrthóirí a leagann na beartais amach, agus is í Rannóg Airgeadais na Cuideachta a chuireann i bhfeidhm iad.

Riosca maidir le Leachtacht agus Sreabhadh Airgid

Tá meascán de mhaoiniú fiachais ghearrthéarmaigh agus mheántéarmaigh ag an gCuideachta, rud a dhéanann deimhin de go mbíonn rochtain acu ar chistí leordhóthanacha don infheistíocht chaipitiúil atá beartaithe. Chuir an Chuideachta saoráid iasachtaíochta de €50m i bhfeidhm le Banc Uladh i Márta 2017 chun fiachas na Cuideachta a athchur agus a shíneadh. Ag deireadh 2019, bhí saoráidí geallta neamhtharraingthe de €50m ag an gCuideachta ar an tsaoráid seo.

I Nollaig 2015, rinne an Chuideachta Conradh Maoinithe leis an mBanc Eorpach Infheistíochta i leith saoráid maoinithe tionscadail de €100m. Tá téarma 20 bliain ag an tsaoráid sin, agus bhí sí íostarraingthe ina hiomláine amhail ag deireadh 2019.

I Nollaig 2019, d'eisigh an Chuideachta bannaí sinsearacha neamhurráithe de €300m do réimse infheisteoirí institiúideacha. Amhail ar an 31 Nollaig 2019, bhí €100m de bhannaí ceannaithe. Tá gealltanais i bhfeidhm go gceannóidh na hinfeisteoirí an €200m atá fágtha de na bannaí, dá dtagraítear bannaí réamhcheannaigh, ar dhátaí sonraithe in 2020 agus 2021. Tá de rogha ag an gCuideachta, áfach, an gealltanais sin a chur ar ceal gan aon chostas agus gan cuid de na bannaí réamhcheannaigh a cheannach, nó gan aon cheann díobh a cheannach.

Is é polasáí na Cuideachta ná an toradh ar infheistíocht a uasmhéadú trí iarmhéideanna airgid barrachais a chur i dtaisce ísealriosca airgid thirim ar bhonn gearrthéarmach. Tá sainorduithe ciste curtha i bhfeidhm ag an gCuideachta le roinnt institiúidí airgeadais chun na críche sin.

Riosca Creidmheasa

Bíonn an Chuideachta neamhchosanta ar riosca creidmheasa i gcúrsa na trádála agus, chun an riosca sin a bhainistiú, déanann sí seiceálacha cuí creidmheasa ar ábhair custaiméirí agus ní thrádálann sí ach le tríú páirtithe aitheanta inchairde.

Riosca Ráta Úis

D'fhonn neamhchosaint na Cuideachta ar athruithe suntasacha diúltacha ar ráta úis a bhainistiú, tá beartas acu trína ndéantar íosmhéid 60 faoin gcéad (2018: 60 faoin gcéad) dá bhfiachais a choinneáil ag rátaí seasta úis. D'fhonn an cuspóir sin a bhaint amach, rinne an Chuideachta conradh ráta úis sheasta leis an mBanc Eorpach Infheistíochta ar an tsaoráid maoinithe tionscadail de €100m. In 2019, d'eisigh an Chuideachta €300m de bhannaí sinsearacha neamhurráithe ag ráta cúpóin sheasta.

Imeachtaí ó dheireadh na bliana airgeadais

Níor tharla aon imeachtaí eile idir dáta an Chláir Comhardaithe agus an dáta ar ar fhaomh an Bord na ráitis airgeadais.

Forbairtí sa Toghchán

Tá Clár Infheistíochta Caipitiúla buiséadaithe de €122.6m ag an gCuideachta le haghaidh 2020. Áirítear sa Chlár Infheistíochta Caipitiúla le haghaidh 2020 suim de €32.2m i ndáil le Tionscadal Athfhorbartha Thaiscumar Alexandra ("ABR") agus €69.8m i ndáil le Máistirphlean Chéim 1 (MP1).

Torthaí agus Díbhinní

Ba ionann brabús na Cuideachta don bhliain airgeadais agus €38.6m. Ba iad seo a leanas leithdháiltí agus moltaí na Stiúrthóirí i leith na suime sin:

	2019 €'000	2018 €'000
Díbhinn Eatramhach de €0.3543 (2018: €1.052) in aghaidh na gnáthscaire íochta	4,100	12,173
Méadú ar an mBrabús Coinnithe	34,545	29,348
Brabús don Bhliain Airgeadais	38,645	41,521

Níl sé beartaithe ag na Stiúrthóirí díbhinn deiridh a fhógairt.

Leasanna na Stiúrthóirí agus an Rúnaí

Ní raibh aon leas ag na Stiúrthóirí ná ag an Rúnaí i scairchaipiteal na Cuideachta amhail ar an 31 Nollaig 2019 agus 2018.

Tuarascáil na Stiúrthóirí ar leanúint

An tAcht um Íoc Pras

Is é beartas na Cuideachta soláthróirí a íoc i gcomhréir le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála), 2002 agus leis an Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997.

Chuige sin, tá gnáthaimh íocaíochta na Cuideachta ceaptha chun cinnteacht réasúnta a thabhairt i gcoinne neamhchomhlíonadh ábhartha théarmaí na Rialachán. Is é 30 lá an tréimhse chaighdeánach chreidmheasa, ach amháin má shonraítear a mhalaírt sna socrúithe conartha. Rinneadh formhór na n-íocaíochtaí de réir uimhreach agus luacha laistigh den tréimhse chuí chreidmheasa de réir mar is gá. Ar an ábhar sin, tá na Stiúrthóirí sásta gur chloígh an Chuideachta le riachtanais an Achta.

Stiúrthóirí

Leagtar amach thíos ainmneacha na ndaoine a bhí ina Stiúrthóirí ag aon am le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2019.

L McCaffrey (téarma oifige imithe in éag an 23 Nollaig 2019)

E O'Reilly

M Brophy (ceaptha ar an 29 Eanáir 2019)

H Collins

G Darlin

M Hand

K Nolan

L Williams (ceaptha ar an 29 Eanáir 2019)

Caidreamh le Scairsealbhóirí

Bíonn feidhmíocht trádála, pleananna don todhchaí agus fadhanna straitéiseacha á bplé go leanúnach ag an gCathaoirleach, an Príomhfheidhmeannach agus an lucht bainistíochta i gcompháirt le scairsealbhóirí na Cuideachta. Bíonn ar an Aire Iompair agus/nó ar an Aire Airgeadais ábhair shonraithe ar leith a fhaomhadh, agus déantar cumarsáid leanúnach leis an Aire ábhartha trínarranna faoi seach. Tuairiscíonn an Cathaoirleach don Aire Iompair mar a éilítear faoi Alt 28 den Acht Cuanta, 1996 agus faoin Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

Rialachas Corparáideach

Tá Cuideachta Comhlacht Chalafort Átha Cliath tiomanta do na caighdeáin rialachais corparáidí is airde a chaomhnú, agus tá siad tar éis glacadh le prionsabail an rialachais corparáidí agus leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú arna n-eisiúint ag an Roinn Airgeadais i mí na Bealtaine 2009. Ar an 1 Meán Fómhair 2016, rinneadh an Cód Cleachtais a nuashonrú. Cuirfear forálacha an Chóid nuashonraithe i bhfeidhm sa tréimhse tuairiscithe airgeadais a thosaigh ar an 1 Eanáir 2017. Chomh maith leis sin, cloíonn an Chuideachta lena n-oibleagáidí faoin Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus faoin Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001.

Stiúrthóirí neamhfheidhmíocháin is ea an chuid is mó de na Stiúrthóirí, agus is é an tAire a cheapann iad. Tagann an Bord le chéile go foirmiúil gach mí agus cuirtear sceideal foirmiúil ábhar faoina bhráid go heisiach chun go ndéanfaí cinneadh ina leith. Tá an Bord freagrach as cumhachtaí uile na Cuideachta a fheidhmiú, seachas na cinn atá curtha i leataobh le haghaidh na nGeallshealbhóirí, agus tá comhfhreagracht orthu as oibríochtaí uile na Cuideachta. D'fhéadfadh an Bord a chuid cumhachtaí a tharmligean mar is mian leis, do Choiste Boird nó don Phríomhfheidhmeannach, faoi réir ag na srianta nó an rialaithe a fhorchuirtear lena leithéid de tharmligean. Faoi réir ag cead ón Aire i gcásanna áirithe, rinne an Bord forchoimeád cinntí a fhaomhadh maidir le feidhmeanna áirithe sna réimsí seo a leanas: Rialachas, Maoiniú, Soláthar, Oibríochtaí agus Ceapacháin Acmhainní Daonna. Tá rochtain ag an mBord ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí na Cuideachta agus is féidir leo comhairle neamhspleách ghairmiúil a fháil nuair a mheastar go bhfuil sé riachtanach.

Éilíonn an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú go ndéanadh an Bord féinmheastóireacht go bliantúil chun a fheidhmíocht a mheas. Rinne an Bord athbhreithniú féinmheasúnaithe, bunaithe ar cheistneoir atá le fáil sa Chód Cleachtais, don uair dheireanach i bhFeabhra 2017. Cuireadh an cleachtadh le haghaidh 2019 siar go dtí go mbeadh athbhreithniú seachtach foirmeálta tugtha chun críche. Éilíonn an Cód Cleachtais go ndéanfaí meastóireacht sheachtach foirmiúil gach trí bliana ar a laghad. I Meitheamh 2019, tar éis comórtas soláthair, d'fhaomh an Bord ceapadh soláthóra neamhspleách ón taobh amuigh chun tabhairt faoi athbhreithniú seachtach ar éifeachtúlacht an Bhoird. Cuireadh an t-athbhreithniú neamhspleách i bhfeidhm i rith an tsamhraidh in 2019 agus tuairiscíodh é don Bhord i Meán Fómhair. Dhearbhaigh na torthaí a bhí ar an meastóireacht foirmeálta a rinneadh in 2019 go bhfuil an Bord ag feidhmiú go héifeachtach, agus moltar iontu roinnt mhaith ceisteanna ar chóir don Bhord athbhreithniú a dhéanamh orthu.

Bhunaigh an Bord Coiste Iniúchóireachta in 1997 faoi théarmaí foirmiúla tagartha. Athbhunaíodh an Coiste seo in 2012 mar an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca. Leagadh amach sna téarmaí tagartha cuspóir, údarás agus comhaltas an Choiste, mar aon lena fhreagrachtaí sna réimsí seo a leanas: tuairiscíú seachtach airgeadais, iniúchadh seachtach, rialachas corparáideach agus iniúchadh inmheánach. I rith 2018, tar éis do chomhaltaí an Bord a fhágáil, rinne an Bord iomlán ról an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus bhí an tUas. Helen Collins ina Cathaoirleach.

Ag a chruinnithe ar an 29 Márta 2019, dhearbhaigh an Bord ceapadh an Uas. Lesley Williams mar Chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, in éineacht leis an Uas. Michael Brophy agus an Uas. Helen Collins mar chomhaltaí coiste.

Tháinig an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile ceithre huair le linn na bliana. Ba iad comhaltaí an Choiste i gcúrsa na bliana ná an tUas. Lesley Williams, an tUas. Michael Brophy, Helen Collins Uasal, an tUas. Geoffrey Darling, an tUas. Michael Hand, Lucy McCaffrey Uasal, an tUas. Keith Nolan agus an tUas. Eamonn O'Reilly.

Chomh maith leis sin, bhunaigh an Bord Coiste Luach Saothair in 1999. Ba iad comhaltaí an choiste le linn na bliana ná an tUas. Lucy McCaffrey (Cathaoirleach), an tUas. Geoffrey Darling agus an tUas. Michael Hand. Feidhmíonn an Coiste faoi théarmaí foirmiúla tagartha.

Freastal ar Chruinnithe

Tionóladh 13 Chruinniú Ginearálta Boird le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2019.

Freastal na Stiúrthóirí ar chruinnithe an Bhoird:

	I láthair	Incháilithe chun a bheith i láthair
L McCaffrey	13	13
E O'Reilly	12	12
M Brophy	12	12
H Collins	13	13
G Darling	13	13
M Hand	12	13
K Nolan	12	13
L Williams	12	12
An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca		
M Brophy	3	4
H Collins	5	5
G Darling	2	2
M Hand	2	2
L McCaffrey	2	2
K Nolan	2	2
E O'Reilly	2	2
L Williams	4	4
An Coiste Luach Saothair		
L McCaffrey	2	2
G Darling	2	2
M Hand	2	2

Speansais na Stiúrthóirí

Íocadh speansais de €6,244 le comhaltaí an Bhoird i rith na bliana i ndáil le speansas taistil.

Rialuithe Inmheánacha

Tá freagracht iomlán ag an mBord as córais rialaithe inmheánaigh na Cuideachta. Ní féidir leis na córais sin atá á gcoinneáil ag an gCuideachta ach gealltanas réasúnta a thabhairt, seachas gealltanais iomlán, go ndéantar idirbhearta i gcomhréir le húdarú an luchta bainistíochta, go gcosnaítear sócmhainní, go gcuirtear cosc ar chalaiois agus go gcoinnítear taifid chearta airgeadais. Deimhníonn an Bord go bhfuil athbhreithniú déanta acu ar éifeachtúlacht chóras an rialaithe inmheánaigh.

Chun deimhin a dhéanamh de go gcuirtear rialuithe inmheánacha na Cuideachta i bhfeidhm go héifeachtúil, fostaíodh pearsanra cáilithe agus leithdháileadh na dualgais orthu mar is ceart.

Áirítear le córais an rialaithe inmheánaigh:

- Déantar rioscaí gnó a aithint agus a dtionchair airgeadais a mheas trí athbhreithniú a dhéanamh go rialta ar Phlean Straitéiseach na Cuideachta. Tugtar achoimre thuas ar an bpróiseas a bhaineann le Creat Bainistíochta Riosca na Cuideachta faoin gceannteideal "Rioscaí agus Éiginnteachtaí Príomha". Ghlac an Bord leis an bPlean Straitéiseach is déanaí don tréimhse 2017 go dtí 2021 i mí na Nollag 2016;
- Buiséad bliantúil faofa ag an mBord agus measúnú míosúil ar fhíorthorthaí i gcomparáid le réamhaisnéisí buiséid;
- Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a bunaíodh chun na rudaí seo a leanas a athbhreithniú agus a phlé leis na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha: rialuithe inmheánacha cuntasáíochta na Cuideachta, an fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí, rogha na mbeartas cuntasáíochta, pleananna iniúchóireachta inmheánaí agus seachtraí, tuarascáil reachtúil na n-iniúcháirí, an tuairisciú airgeadais agus ábhair ghaolmhara eile;
- Feidhm Iniúchóireachta Inmheánaí trína ndéantar athbhreithniú ar phríomhphróisis agus ar phríomhrialuithe gnó;
- Cóid fhoirmiúla iompair le haghaidh Stiúrthóirí agus fostaithe; agus
- Beartais agus nósanna imeachta soláthair. Ar an gcead dul síos, déanann siad sin deimhin de go dtéitear i mbun gníomhaíochtaí soláthair chun luach ar airgead a sholáthar i dtéarmaí na gcostas saolré foriomlána agus, lena chois sin, go gcloítear leis na Treoirlínte Stáit agus na Treoracha AE ábhartha uile a bhfuil feidhm acu maidir le Fóntais Phoiblí. Tá an Chuideachta ag cloí leis na riachtanais oiriúnacha faoin gCód Caiteachais Phoiblí ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tuarascáil na Stiúrthóirí ar leanúint

Tá athbhreithniú déanta ag an mBord, tríd an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, ar éifeachtúlacht chóras an rialaithe inmheánaigh suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

Rinne an tIniúcháir Inmheánach athbhreithniú ar éifeachtúlacht chóras an rialaithe inmheánaigh agus níor thángthas ar aon laigí suntasacha rialaithe a bhfuil riosca suntasach ag baint leo maidir le caillteanas airgeadais nó cur isteach oibríochtúil, a éilíonn cúram láithreach ag leibhéal an Bhoird.

Ráiteas comhlíonta

Admhaíonn Stiúrthóirí na Cuideachta go bhfuil siad freagrach as comhlíonadh na Cuideachta lena n-oibleagáidí ábhartha a ráthú (mar atá sainmhínithe in Acht na gCuideachtaí 2014 (an "tAcht 2014")) agus, mar atá éilithe faoi alt 225 den Acht 2014, deimhníonn na Stiúrthóirí:

- (i) gur ullmhaíodh ráiteas beartais comhlíontachta ina leagtar amach beartais na Cuideachta maidir lena n-oibleagáidí ábhartha faoin Acht 2014 a chomhlíonadh;
- (ii) gur cuireadh socruithe agus struchtúir i bhfeidhm a measann na Stiúrthóirí gur leor iad chun cloí ábhartha le hoibleagáidí cuí na Cuideachta a chinntiú; agus
- (iii) go ndearnadh athbhreithniú ar na socruithe agus struchtúir le linn na bliana airgeadais lena mbaineann Tuarascáil na Stiúrthóirí.

Síntiúis Pholaitíochta

Ní dhearna an Bord aon síntiúis polaitíochta i rith na bliana.

Nochtadh Faisnéise do na HIniúcháirí

Tá sé deimhnithe ag gach Stiúrthóir a bhí in oifig amhail ar dháta na tuarascála seo:

- Go bhfios dó/di, nach bhfuil aon fhaisnéis ábhartha iniúchta ann nach bhfuil ar eolas ag iniúcháirí reachtúla na Cuideachta; agus
- Go bhfuil na bearta go léir déanta aige/aici ar cheart iad a bheith déanta aige/aici mar Stiúrthóir chun eolas a fháil ar aon fhaisnéis ábhartha iniúchta agus chun a dhearbhu go bhfuil an fhaisnéis sin ar eolas ag iniúcháirí reachtúla na Cuideachta.

Iniúcháirí Reachtúla

Leanfaidh na hiniúcháirí, Deloitte Ireland LLP, Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúil, in oifig i gcomhréir le halt 383(2) d'Acht na gCuideachtaí, 2014.

Thar ceann an Bhoird

Eamonn O'Reilly
Príomhfheidhmeannach

Keith Nolan
Stiúrthóir

27 Márta 2020

Tuarascáil na nIníúcháirí Neamhspleácha chuig na baille de Chuideachta Poirt Bhaile Átha Cliath

Tuairisc ar iniúchadh na ráiteas airgeadais

Tuairim ar ráitis airgeadais na Cuideachta Phoirt Átha Cliath (an 'Chuideachta')

Inár dtuairim tugann ráitis airgeadais Chuideachta Comhlacht Chalafort Átha Cliath:

- léargas fíor cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais na Cuideachta amháil ar an 31 Nollaig 2019 agus ar an mbrabús don bhliain airgeadais dar críoch sin; agus
- gur ullmhaíodh iad i gceart i gcomhréir leis an gcreat tuairiscithe airgeadais cuí agus, go háirithe le riachtanais Acht na gCuideachtaí, 2014.

Is éard atá sna ráitis airgeadais ná:

- na Beartais Chuntasaíochta;
- an Cuntas Brabúis agus Cailteanais;
- an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach;
- an Clár Comhardaithe;
- an Ráiteas ar Athruithe ar Chothromas;
- Ráiteas ar Shreabhadh Airgid; agus
- na nótaí a ghabhann le 1 go 32.

Is é an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha a bhí curtha i bhfeidhm i leith a n-ullmhúchán ná cuid d'Acht na gCuideachtaí 2014 agus FRS 102 "An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann" ("an creat tuairiscithe airgeadais ábhartha").

Bunús le tuairim

Rinneamar ár n-iniúchadh i gcomhréir le Caighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (Éire) (CII (Éire)) agus an dlí is infheidhme. Tá cur síos déanta ar ár bhfreagrachtaí faoi réir na gcaighdeán sin sa chuid "Freagrachtaí an Iniúchára maidir le hiniúchadh ar na ráitis airgeadais" dár dtuarascáil.

Táimid neamhspleách ón gCuideachta i gcomhréir leis na ceanglais eiticíúla atá ábhartha lenár n-iniúchadh ar ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an caighdeán eiticíúil eisithe ag an Údarás Maoirseachta Iniúcháireachta agus Cuntasaíochta na hÉireann, agus tá ár bhfreagrachtaí eiticíúla eile comhlíonta againn i gcomhréir leis na ceanglais seo. Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúcháireachta atá faighte againn leordhóthanach agus cuí chun bunús a sholáthar dár dtuairim.

Conclúidí a bhaineann le gnóthas leantach

Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis na nithe seo a leanas ina theastaíonn an Caighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúcháireacht (Éire) tuairisciú a dhéanamh nuair:

- níl na Stiúrthóirí ag baint úsáide as bunús cuntasóireachta den ghnóthas leantach ar bhealach cuí nuair atá siad ag ullmhú na ráiteas airgeadais; nó

- nór nocht na Stiúrthóirí aon éiginnteachtaí aitheanta ábhartha sna ráitis airgeadais a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na cuideachta maidir le bunús gnóthais leantaigh cuntasáíochta a ghlacadh ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta lena n-úradaítear na ráitis airgeadais ionas go bhféadfaí iad a eisiúint.

Eolas eile

Tá na Stiúrthóirí freagrach as an eolas eile. Is éard atá san eolas eile ná eolas a áirítear sa Tuarascáil Bhliantúil 2019, seachas na ráitis airgeadais agus tuarascáil ár n-iniúchára faoi. Ní chumhdaíonn ár dtuairim ar na ráitis airgeadais an t-eolas eile agus, ach amháin a mhéid a luaitear a mhalairt go soiléir inár dtuarascáil, ní chuirimid in iúl aon chineál de chonclúid dearbhaithe air.

I gceangal lenár n-iniúcháireacht ar na ráitis airgeadais, tá sé d'fhreagracht orainn an t-eolas eile a léamh agus, ag déanamh amhlaidh, machnamh a dhéanamh an bhfuil an t-eolas eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó ár n-eolas a fuarthas san iniúcháireacht nó eolas atá míchruinn go hábhartha. Má aithníonn muid neamhréireachtaí agus míthuairiscí ábhartha sin, tá sé de cheangal orainn a chinntiú an bhfuil míthuairisc ábhartha sna ráitis airgeadais nó an bhfuil míthuairisc ábhartha san eolas eile. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta againn, a chinneann muid go bhfuil míthuairisc ábhartha ar an eolas eile seo, caithimid an fhír sin a thuairisciú.

Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis sin.

Freagrachtaí na Stiúrthóirí

Mar a míníodh i Ráiteas Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí do na Ráitis Airgeadais a cuimsíodh i dTuarascáil na Stiúrthóirí, tá na stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus as a bheith sásta go gcuireann siad léargas iomlán cothrom ar fáil agus go gcomhlíonann siad Acht na gCuideachtaí 2014, agus tá siad freagrach as an rialú inmheánach a chinneann siad is gá chun a áirithiú go bhfuil ullmhúcháin na ráiteas airgeadais saor ó míthuairisc ábharach, mar gheall ar chalaos nó earráid.

Trína ráitis airgeadais a ullmhú, tá na Stiúrthóirí freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas na Cuideachta leanúint mar ghnóthas leantach, tá siad freagrach as cúrsaí a bhaineann le gnóthas leantach a nochtadh, mar is infheidhme, agus úsáid a bhaint as an mbunús gnóthais leantaigh cuntasáíochta seachas má tá sé ar intinn ag na Stiúrthóirí an Chuideachta a leachtú nó stop a chur le gnóthaí, nó mura bhfuil aon rogha eile acu ach é sin a dhéanamh.

Tuarascáil na nIníochóirí Neamhspleácha chuig na baille de Chuideachta Poirt Bhaile Átha Cliath ar leanúint

Freagrachtaí an Iníochóra maidir leis na ráitis airgeadais a iniúchadh

Is iad ár gcuspóirí ná dearbhú réasúnta a fháil an bhfuil na ráitis airgeadais ar an iomlán saor ó mhíthuirisc, mar gheall ar chalois nó ar earráid, agus tuarascáil an iníochóra a eisiúint lenár dtuairim san áireamh. Is leibhéal ard de dhearbhu é dearbhú réasúnta, ach níl aon ráthaíocht ann i gcónaí go n-aimseoidh iniúchóireacht a dhéantar i gcomhréir le Caighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éireann) míthuirisc ábharach nuair atá ceann ann. Is féidir le míthuiriscí teacht ó chalois nó ó earráid agus meastar go bhfuil siad ábharach má, ina n-aonar nó trí chéile, is féidir leo tionchar a bheith acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí ar bhonn na ráiteas airgeadais.

Mar pháirt d'iniúchóireacht i gcomhréir le Caighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éireann), úsáidimid breithiúnas gairmiúil agus coimeádaímid sceipteachas gairmiúil tríd an iniúchóireacht. Agus:

- Aithnímid agus déanaimid measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míthuirisc ábharach na ráiteas airgeadais, mar gheall ar chalois nó ar earráid, ceapaimid agus feidhmímid nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin, agus faighimid fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus cuí chun bunús a sholáthar dár dtuairim. Tá an riosca a bhaineann le míthuirisc ábharach a thagann ó chalois agus gan í a aithint níos airde ná an riosca a bhaineann le míthuirisc a thagann ó earráid, mar is féidir le claonpháirtíocht, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó sárú ar smacht inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighimid tuiscint ar smacht inmheánach atá ábhartha don iniúchóireacht chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá cuí sna cúinsí, ach ní chun tuairim a nochtadh maidir le héifeachtacht smacht inmheánach na Cuideachta.
- Déanaimid oiriúnacht na bpolasáí cuntasáíochta agus réasúnacht na meastachán cuntasáíochta agus nochtadh na Stiúrthóirí atá bainteach leo sin a mheas.
- Déanaimid cinneadh faoi cé chomh oiriúnach is atá an úsáid a bhaineann na Stiúrthóirí as an mbunús gnóthais leantagh cuntasáíochta agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fhaightear, an bhfuil éiginnteacht ábharach ann a bhaineann leis na himeachtaí nó cúinsí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas na Cuideachta leanúint mar ghnóthas leantach. Má chinnimid go bhfuil éiginnteacht ábharach ann, caithfimid nochtadh a bhaineann léi sna ráitis airgeadais a léiriú inár dtuarascáil iniúchóireachta nó, má tá an nochtadh sin uireasach, caithfimid ár dtuairim a mhodhnú. Tá ár gconclúidí bunaithe ar fhianaise iniúchóireachta a fhaightear suas le dáta thuarascála an iníochóra. D'fhéadfadh imeachtaí nó cúinsí amach anseo stop a chur leis an eintiteas leanúint mar ghnóthas leantach, áfach.
- Measúnú a dhéanamh ar an léiriú ar an iomlán, struchtúr agus inneachar na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nochtadh, agus an léiríonn na ráitis airgeadais idirbhearta bunúsacha agus imeachtaí ar bhealach a léiríonn léiriú cothrom.

Téimid i dteagmháil leis na daoine atá faoi chúram rialachais maidir le, i measc rudaí eile, raon feidhme agus uainiú an iniúchóireachta

agus torthaí suntasacha an iniúchóireachta, lena n-áirítear easpaí suntasacha i smacht inmheánach a aithníonn an t-iníochóir le linn an iniúchóireachta.

Déantar an tuarascáil do bhaille na Cuideachta amháin, mar chomhlacht, i gcomhréir le hAlt 391 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Rinneadh ár gcuid oibre iniúchóireachta ionas gur féidir linn a chur in iúl do bhaille na Cuideachta na cúrsaí sin is gá dúinn a chur in iúl dóibh i dtuarascáil iníochóra agus don chúis sin amháin. Go dtí an méid is mó atá ceadaithe de réir an dlí, ní ghlacaimid freagracht as aon duine seachas an Chuideachta agus baille den Chuideachta agus baille den Chuideachta mar chomhlacht, as ár n-obair iniúchóireachta, don tuarascáil seo, nó do na tuairimí atá againn.

Tuarascáil ar cheanglais dhlíthiúla agus rialála eile

Tuairim ar chúrsaí eile leagtha amach ag Acht na gCuideachtaí 2014

Bunaithe amháin ar an obair déanta le linn na hiniúchóireachta, tuairiscímid go bhfuil:

- An fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte againn a mheasaimid go bhfuil siad riachtanach chun críocho an iniúchta againn.
- Dar linn gur leor taifid chuntasaíochta na cuideachta chun iniúchóireacht réidh agus ceart a dhéanamh ar na ráitis airgeadais.
- Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.
- Dar linn go bhfuil an fhaisnéis tugtha i dtuarascáil na Stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais agus go n-ullmhaíodh tuarascáil na Stiúrthóirí i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí 2014.

Ábhair nach mór dúinn a thuairisciú de réir eisceachta

Bunaithe ar eolas agus tuiscint na Cuideachta agus ar a timpeallacht a fuarthas le linn na hiniúchóireachta, níl aon mhíthuirisc ábharach aitheanta againn i dtuarascáil na Stiúrthóirí.

Níl aon rud le tuairisciú againn maidir le forálacha Acht na gCuideachtaí 2014, lena n-éilítear orainn a thuairisciú duit mura ndearnadh luach saothair agus idirbhearta na Stiúrthóirí a nochtadh mar atá sonraithe de réir an dlí, inár dtuairimí.

Faoin gCód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (Lúnasa 2016) (an "Cód Cleachtas"), éilítear orainn a thuairisciú duit mura léiríonn an ráiteas maidir le córas an smachta inmheánaigh airgeadais atá riachtanach faoin gCód Cleachtas, mar atá curtha san áireamh sa Ráiteas ar Rialachas Corparáide i dtuarascáil na Stiúrthóirí, go bhfuil an Chuideachta ag cloí le mír 1.9(iv) den Chód Cleachtas nó nach bhfuil an ráiteas ag teacht leis an bhfaisnéis atá ar eolas againn mar thoradh ar ár n-obair iniúchóireachta ar na ráitis airgeadais. Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis sin.

Sínead McHugh

Do agus thar ceann Deloitte Ireland LLP
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchóireachta Reachtúla
Deloitte & Touche House, Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2

27 Márta 2020

Beartais Chuntasaíochta

Tá na beartais shuntasacha chuntasaíochta a úsáideadh in ullmhú na ráiteas airgeadais seo leagtha amach thíos. Tá na beartais seo curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach sna blianta airgeadais go léir atá curtha i láthair ach amháin má luaitear a mhalairt. Ghlac an Chuideachta le FRS 102 den chéad uair riamh i ráitis airgeadais 2015.

Bunús an ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir choinbhinsiún an chostais stairiúil, mar atá leasaithe ag tomhas na maoin infheistíochta agus sócmhainní agus dlíteanas airgeadais áirithe ar luach cóir trí bhrabús nó chaillteanas.

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le FRS 102 is gá úsáid a bhaint as boinn tuisceana lárnacha áirithe maidir leis an todhchaí, agus foinsí eile éiginnteacht meastacháin ar dháta an tuairiscithe. Chomh maith leis sin, ceanglaíonn sé ar na Stiúrthóirí a mbreithiúnas a dhéanamh agus beartais chuntasaíochta na Cuideachta á gcur i bhfeidhm. Nochtar i nóta 3 na réimsí ina bhfuil leibhéal níos airde de bhreithiúnas ag teastáil nó réimsí ina bhfuil baol nach beag ann go gcuirfidh boinn tuisceana agus meastacháin le coigeartú ábhartha ar ghlanluach sócmhainní agus dlíteanas laistigh den chéad bhliain airgeadais eile.

Gnóthas leantach

Ullmhaítear na ráitis airgeadais rialála ar bhonn gnóthais leantaigh cuntasaíochta. Tá na Stiúrthóirí tar éis machnamh cúramach a dhéanamh ar úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu. Tar éis dóibh a n-athbhreithniú a thabhairt chun críche, tá na Stiúrthóirí tar éis a thuairiscíú go bhfuil siad sásta agus go gceapann siad go bhfuil sé cuí gur gnóthas leantach é an Chuideachta, agus go bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu le leanúint ag oibriú go ceann i bhfad. Agus an t-athbhreithniú sin á dhéanamh acu, chuir na Stiúrthóirí iarmhairtí reatha agus measta na ráige Covid-19 ar ghníomhaíochtaí na Cuideachta san áireamh.

Aithint ioncain

Déantar ioncam a thomhas ar luach cóir na comaoine a fhaightear nó atá infhaighte agus is ionann é agus an méid atá infhaighte le haghaidh seirbhísí arna soláthar, glan ó thorthaí, lascaíní agus lacáistí arna gceadú ag an gCuideachta agus cánacha breisluacha.

Aithníonn an Chuideachta ioncam áit ar féidir méid an ioncain agus na costas a thomhas go hiontaofa; is dócha go rachaidh tairbhí amach anseo chuig an aonán agus nuair a bheidh na critéir comhlíonta a bhaineann le gach ceann de chainéil díolacháin na Cuideachta, mar a chuirtear síos air thíos.

Dleachtanna Poirt

Eascraíonn Dleachtanna Poirt ó mhuirir ar úsáideoirí poirt agus tá siad comhdhéanta de dhleachtanna earraí, dleachtanna árthaí agus seirbhísí lárnacha eile a chuirtear ar fáil ar nós tuáil agus píolótaíochta. Gearrtar Dleachtanna Earraí de réir sceideal muirear atá bunaithe ar Aicmithe Trádála Idirnáisiúnta Caighdeánacha. Gearrtar Dleachtanna Árthaí i dtaobh theacht árthaigh agus tá rátaí bunaithe agus inmhuirir ar ghlanonnáiste nó leath d'olltonnáiste an árthaigh, cibé acu is mó. Is ar bhonn úsáide a ghearrtar muirir as Seirbhísí Tuála agus Píolótaíochta.

Aithnítear Dleachtanna Poirt de réir an dáta ar a dtagann an t-árthach isteach sa Phort.

Cíosanna

Eascraíonn ioncam cíosa go príomha as maoin ar cíos a bhaineann leis an bport agus aithnítear é de réir na tréimhse lena mbaineann an cíos. Is de réir théarmaí an chomhaontaithe cíosa a ghearrtar cíos.

Ioncam Reatha Eile

I measc ioncam eile atá cuimsithe i Láimhdeachas, tá Táillí Ceadúnais agus ioncam ó Stáisiún Seirbhíse agus Páirc Trucaíl comhtháite na Cuideachta. Aithnítear ioncam de réir na tréimhse lena mbaineann an t-ioncam.

Ioncam Eile

Ina theannta sin tuilleann na Cuideachta ioncam ó ús agus dheontais. Tugtar cuntas i leith gach ceann de na sruthanna ioncain sin mar atá leagtha amach thíos:

Ioncam Úis

Aithnítear ioncam úis trí mhodh an ráta úis ghlain. Cuirtear ioncam úis i láthair mar 'ús infhaighte' sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais.

Ioncam Deontais

Cuireann an Chuideachta an tsamhail fabhrúithe i bhfeidhm agus ioncam deontais á aithint.

Aithnítear deontais a bhaineann le hioncam ar bhonn córasach i gcaitheamh na dtréimhsí ina n-aithníonn an Chuideachta na costais bhainteacha a bhfuil an deontas ceaptha le cúiteamh. Maidir le deontas atá infhaighte den chéad uair mar chúiteamh ar speansais a tabhaíodh cheana féin, agus gan aon chostais bhainteacha a bheith i gceist sa todhchaí, aithnítear mar ioncam é sa tréimhse ina bhfuil sé infhaighte den chéad uair.

Aithnítear deontais a bhaineann le sócmhainní in ioncam ar bhonn córasach thar shaolré úsáideach mheasta na sócmhainne. Áit a ndéantar deontas a bhaineann le sócmhainn a iarchur aithnítear mar ioncam iarchurtha é agus ní asbhaintear é de ghlanluach na sócmhainne.

Beartais Chuntasáiochta ar leanúint

Ní aithnítear ioncaim go dtí go bhfuiltear cinnte go réasúnta:

- (a) go gcomhlíonfaidh an Chuideachta na coinníollacha a ghabhann leo; agus
- (b) go bhfaightear na deontais.

Áit a dtagann deontas chun bheith infhaighte aithnítear mar dhliteanas é nuair a réitíonn an aisíocaíocht leis an sainmhíniú ar dhliteanas.

Sócmhainní seasta inláimhsithe

(i) Costas

Sonraítear sócmhainní seasta inláimhsithe ag costas ar dháta an aistrithe chuig FRS 102, lúide dímheas carntha agus cailteanais charntha i ndáil le bearnúchan, ach amháin maoin infheistíochta na Cuideachta, a shonraítear ag luach cóir. Féach le do thoil an beartas ar leith maidir le maoin infheistíochta thíos.

Cuimsítear sa chostas an bunchostas ceannaigh, costais atá inchurtha go díreach i leith an tsócmhainn a thógáil chuig a hionad oibre agus chuig an riocht dá húsáid cheaptha, costais díchóimeála agus aisghabhála agus costais iasachta caipitlithe.

Is iad sócmhainní bonneagair ná na sócmhainní sin atá tréithrithe mar shaol úsáideach beagnach gan teorainn a bheith acu agus a tógadh, go ginearálta, roinnt blianta ó shin ach nach cosúil go dtógfaí mar sin sa lá atá inniu ann. Ina measc tá sócmhainní Balla an Bhulla Thuaidh agus Balla an Bhulla Theas. Iompraítear sócmhainní bonneagair ar luach nialais agus gearrtar an costas as a gothabháil chun an Chuntas Brabúis agus Cailteanais.

(ii) Dímheas agus luachanna iarmharacha

Ríomhtar dímheas ar shócmhainní, agus úsáid á baint as modh na líne dírí, chun an costas a leithdháileadh ar a luachanna iarmharacha thar an saol úsáideach measta mar seo a leanas:

Foirgnimh, céanna, bóithre agus críochfoirt	50 bliain
Struchtúir duga, dugaí tirime agus céanna	30 - 50 bliain
Dreidireacht chaipitil	30 bliain
Árthaí ar snámh	suas go 30 bliain
Craenacha	suas go 30 bliain
Gléasra agus innealra	2 - 30 bliain

Déantar athbhreithniú ar luachanna iarmharacha agus saol úsáideach na sócmhainní, agus déantar iad a choigeartú, más cuí, ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe. Is ar bhonn ionchasach a thugtar cuntas i leith éifeacht aon athraithe.

(iii) Breiseanna ina dhiaidh sin agus comhpháirteanna móra

Cuimsítear aon chostais ina dhiaidh sin, lena n-áirítear cigireachtaí móra, i nglanluach na sócmhainne nó aithnítear mar shócmhainn ar leith iad, más cuí, ach ní dhéantar é sin ach amháin más dócha go mbainfidh an Chuideachta tairbhe as buntáistí eacnamaíochta an earra agus go mbeifear in ann an costas a thomhas go hiontaofa.

Dí-aithnítear glanluach aon chomhpháirte a gcuirtear ceann nua ina hionad. Déileáiltear le comhpháirteanna móra mar shócmhainn ar leith má tá patrúin úsáide agus tairbhí eacnamaíochta atá difriúil go leor ag baint leo agus má dhéantar iad a dhímheas ar leith thar a saolré úsáideach.

Cláraítear mar chaiteachas costais deisiúcháin, cothabhála agus mionchigireachta de réir mar a fhuilaingítear iad.

(iv) Sócmhainní le linn tógála

Is ag costas a iompraítear sócmhainní le linn tógála. Ní dhéantar na sócmhainní sin a dhímheas go mbeidh siad ar fáil le húsáid.

(v) Dí-aithint

Déantar sócmhainní inláimhsithe a dhí-aithint nuair a dhiúscaítear iad nó áit nach bhfuil súil le haon tairbhí eacnamaíochta amach anseo. Nuair a dhiúscaítear sócmhainn, aithnítear an difríocht idir glanfháltais an diúscairthe agus an glanluach i mbrabús nó cailteanas agus cuirtear i "Brabús ar dhiúscairt sócmhainní" é.

Dreidireacht

Déantar dreidireacht chaipitil, a fheabhsaíonn an bealach isteach go dtí an Port nó bonneagar an Phoirt, a chaipitliú mar chuid den tsócmhainn sheasta ghaolmhar agus déantar é a dhímheas thar a saolré úsáideach mheasta.

Ionaid Réadmhaoine infheistíochta

Déanann an Chuideachta maoin infheistíochta a thomhas ag a costas nuair a aithnítear i dtosach í. Tá an costas as maoin infheistíochta cheannaithe déanta suas dá praghas ceannaigh agus d'aon chostas atá inchurtha díreach ina leith ar nós táillí gairmiúla as seirbhísí dlí, cánacha um aistriú maoine agus costais idirbhirt eile. Cláraítear costais arna bhfulaingt agus staidéir mhargaidh á ndéanamh sula gceannaítear maoin de réir mar a fhuilaingítear iad.

Déantar maoin infheistíochta ar féidir a luach cóir a thomhas go hiontaofa gan chostas ná iarracht iomarcach ar luach cóir ar gach dáta tuairiscithe agus aithnítear athruithe ar luach cóir i mbrabús nó cailteanas.

D'fhostaigh an Chuideachta speisialtóirí luachála neamhspleácha chun luach cóir na réadmhaoine infheistíochta a shocrú ar an 31 Nollaig 2019. Mínítear níos mó i nóta 11 na boinn tuisceana lárnacha a úsáidtear chun luach cóir na réadmhaoine infheistíochta a shocrú.

Cé gur gnách go n-éileofaí dímheas córasach bliantúil ar shócmhainní seasta de réir Acht na gCuideachtaí, creideann na Stiúrthóirí go bhfuil gá leis an mbeartas maidir le gan dímheas a sholáthar chun go dtabharfadh na ráitis airgeadais dearcadh fíor agus cóir, ós rud é gurb é luach reatha na maoine infheistíochta, agus athruithe ar a luach, atá ríthábhachtach in ionad dímheas bliantúil córasach a ríomh. Níl i ndímheas ach ceann amháin de na fachtóirí éagsúla atá léirithe sa luacháil bhliantúil, agus ní féidir an méid, a d'fhéadfadh go gcuirfí san áireamh é murach sin, a aithint nó a chainníochtú as féin.

Sócmhainní doláimhsithe

Iompraítear bonneagar ríomhaire ar chostas lúide caillteanais amúchta carntha agus caillteanais bearnúcháin carntha. Déantar bogearraí a amúchadh thar a saolré úsáideach mheasta, mar atá 10 mbliana, ar bhonn líne díri. Ní mheastar go bhfuil luach iarmharach ag bogearraí. Áit a dtugann fachtóirí, ar nós dul chun cinn teicneolaíoch nó athruithe ar phraghsanna margaidh, le fios go bhfuil athrú tagtha ar shaolré úsáideach bogearraí, déantar an saolré úsáideach a athrú ar bhonn ionchasach chun na cúinsí nua a léiriú. Déantar sócmhainní seasta doláimhsithe a athbhreithniú le haghaidh bearnúcháin má thugtar le fios go bhféadfadh go mbeadh bearnúchán ag baint leis an tsócmhainn sheasta doláimhsithe.

Bearnú sócmhainní neamhairgeadais

Ar dháta gach Cláir Comhardaithe, déantar sócmhainní neamhairgeadais nach bhfuil á n-iompar ar luach cóir a mheas chun a dheimhniú an amhlaidh go bhféadfadh an tsócmhainn (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) a bheith bearnaithe. Má tá a leithéid de chomhartha ann meastar luach inaisghabhála na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne).

Is é luach inaisghabhála na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) ná luach cóir na sócmhainne lúide costais agus luach úsáide na sócmhainne, cibé acu is airde. Is é an luach úsáide ná luach reatha na sreafaí airgid don todhchaí a meastar go gcinnfidh siad ó úsáid leanúnach na sócmhainne (nó an t-aonad giniúna airgid) agus óna diúscairt sa deireadh. Agus luach úsáide á thomhas déantar sreafaí airgid réamhchánach agus úis a lascainiú agus úsáid á baint as ráta lascaine réamhchánach a léiríonn an ráta margaidh reatha saor ó riosca agus na rioscaí atá sonrath don tsócmhainn ná athraíodh na meastacháin shreabhach airgid don todhchaí lena haghaidh.

Má mheastar go bhfuil méid inaisghabhála na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) níos ísle ná an glanluach, laghdaítear an glanluach chuig a luach inaisghabhála. Aithnítear caillteanas bearnúcháin sa chuntas Brabúis agus Caillteanais, ach amháin má rinneadh an tsócmhainn a athluacháil áit a n-aithnítear an méid in aon loncam Cuimsitheach eile go méid atá comhionann le haon athluacháil aitheanta roimhe sin. Ina dhiaidh sin aithnítear aon bharrachas i mbrabúis nó caillteanas.

Má bhíonn aisiompú i gceist le caillteanas bearnúcháin ag tráth níos déanaí, méadaítear glanluach na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) chuig meastachán athbhreithnithe a méid inaisghabhála, ach ní dhéantar amhlaidh ach amháin sa mhéid nach sáraíonn an glanluach athbhreithnithe an glanluach a dhéanfaí a shocrú (glan ó dhímheas) mura n-aithneofaí aon chailteanas bearnúcháin i dtréimhsí roimhe sin. Aithnítear aisiompú maidir le caillteanas bearnúcháin sa chuntas Brabúis agus Caillteanais, ach amháin má thugtar ar aghaidh an tsócmhainn ag méid athluacháilte.

Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim

Cuimsíonn airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim airgead ar láimh, taiscí ar glao le bainc, agus infheistíochtaí gearrthéarmacha ardleachtachta eile a bhfuil aibíocht bhunaidh trí mhí nó níos lú ag baint leo. Maidir le taiscí bainc a bhfuil dátaí aibíochta tosaigh acu de níos mó ná trí mhí ní airgead ná coibhéisí airgid iad agus cuirtear i láthair iad mar infheistíochtaí sócmhainne reatha.

Fardail

Sonraítear fardail ag costas. Is míreanna intomhalta iad fardail agus aithnítear mar speansas iad sa tréimhse ina n-úsáidtear iad.

Áirítear leis an gcostas an costas ceannaigh, agus áit is cuí, dleachtanna ar allmhairí agus costais iompair.

Ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe, déantar measúnú ar shócmhainní chun aon bhearnúchán a aimsiú. Má tá mír san fhardal bearnaithe, laghdaítear an fardal aitheanta go dtí a mhéid inaisghabhála agus aithnítear muirear bearnúcháin sa chuntas Brabúis agus Caillteanais. Áit a n-aithnítear aisiompú an bhearnúcháin, cealaítear an muirear bearnúcháin, suas go dtí an caillteanas bearnúcháin tosaigh, agus aithnítear mar chreidmheas é a chuntas Brabúis agus Caillteanais.

Airgeadraí eachtracha

(i) Airgeadra feidhmiúil agus tuairiscithe

Is é airgeadra feidhmiúil agus tuairiscithe na Cuideachta ná an euro, agus é ainmnithe ag an tsiombail "€" agus mura sonraítear a mhalairt, tá na ráitis airgeadais tuairiscithe sna mílte ('000).

(ii) Idirbhearta agus iarmhéideanna

Aistrítear idirbhearta in airgeadra eachtrach go dtí an t-airgeadra feidhmiúil agus úsáid á baint as rátaí malairte ar an láthair ar dhátaí na n-idirbheart.

Ag deireadh gach tréimhse aistrítear míreanna airgid airgeadra go Euro agus an ráta reatha á úsáid. Aistrítear míreanna neamhairgid arna dtomhas ag costas stairiúil agus úsáid á baint as an ráta malairte ar dháta an idirbhirt agus déantar míreanna neamhairgid arna dtomhas ag luach cóir a thomhas agus úsáid á baint as an ráta malairte a bhí i bhfeidhm nuair a socraíodh an luach cóir.

Beartais Chuntasáiochta ar leanúint

Aithnítear sa Chuntas Brabúis agus Cailteanais gnóthachain agus cailteanais malairte eachtraí ag eascirt ó shocrú idirbheart agus ón aistriú ag rátaí malairte dheireadh na tréimhse le haghaidh sócmhainní agus dliteanas airgeadais ainmnithe in airgeadraí eachtracha.

Cuirtear gnóthachain agus cailteanais airgeadra eachtraigh a bhaineann le hiasachtaíochtaí chomh maith le hairgead agus coibhéisí airgid i láthair sa chuntas Brabúis agus Cailteanais in 'ús iníochta/infhaighte'. Cuirtear gach gnóthachan agus cailteanas airgeadra eachtraigh eile i láthair sa chuntas Brabúis agus Cailteanais i 'speansas riaracháin'.

Sochair fostaithe

Cuireann an Chuideachta réimse sochar ar fáil d'fhostaithe, lena n-áirítear socruithe, lena n-áirítear sochair ghearrthéarmacha fostaí mar shocruithe maidir le saoire íochta agus sochair iarfhostaíochta ar nós pleannanna pinsin le sochar sainithe agus le ranníocaíocht shainithe agus socruithe bliantúla bónais, le haghaidh fostaithe áirithe.

(i) Sochair ghearrthéarmacha

Déantar sochair ghearrthéarmacha, lena n-áirítear pá agus tuarastail, pá saoire agus sochair neamhairgeadais eile dá shamhail a aithint mar chostas sa tréimhse ina mbaintear leas as an tseirbhís.

Feidhmíonn an Chuideachta plean bliantúil bónais le haghaidh fostaithe áirithe. Aithnítear speansas sa chuntas Brabúis agus Cailteanais nuair atá oibleagáid dhlíthiúil nó inchiallaithe reatha ar an gCuideachta íocaíochtaí a dhéanamh faoin bplean mar thoradh ar imeachtaí san am atá thart agus nuair is féidir an oibleagáid a mheas go hiontaofa.

(ii) Sochair iarfhostaíochta

Plean ranníocaíochtaí sainithe

Feidhmíonn an Chuideachta plean ranníocaíochta sainithe dá cuid fostaithe. Is é atá i bplean ranníocaíochta sainithe ná plean pinsin faoina n-íocann an Chuideachta ranníocaíochtaí sainithe le haonán ar leithligh. Nuair atá na ranníocaíochtaí íochta níl aon oibleagáidí íocaíochta eile ar an gCuideachta. Aithnítear na ranníocaíochtaí mar speansas nuair atá siad dlite. Taispeántar méideanna nár íocadh i bhfabhrú sa Chlár Comhardaithe. Coimeádtar sócmhainní an phlean scartha ón gCuideachta i gcistí a riartar go neamhspleách.

Plean pinsin le sochair sainithe

Feidhmíonn an Chuideachta plean sochair sainithe d'fhostaithe áirithe. Faoi phlean sochair sainithe, sainítear an sochar pinsin a gheobhaidh fostaí nuair a rachaidh siad ar scor, rud a bhraitheann de ghnáth ar fhachtóirí éagsúla ar nós aoise, fad seirbhíse agus luach saothair. Is é atá i bplean sochair sainithe ná plean pinsin nach plean ranníocaíochta sainithe é. Is é an dliteanas a aithnítear sa Chlár Comhardaithe i dtaobh an phlean sochair sainithe ná luach reatha an oibleagáid sochair sainithe ag deireadh an dáta tuairiscithe lúide luach cóir shócmhainní an phlean ar an dáta tuairiscithe.

Déantar an oibleagáid sochair sainithe a ríomh agus úsáid á baint as modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa. Fostaíonn an Chuideachta achtúirí neamhspleácha gach bliain chun an oibleagáid a ríomh. Socraítear an luach reatha trí na híocaíochtaí measta don todhchaí a lascaíniú agus úsáid á baint as torthaí margaidh ar bhannaí corparáide ardchaighdeán atá ainmnithe in Euro agus a bhfuil téarmaí ag gabháil leo atá isteach is amach le tréimhse mheasta na n-íocaíochtaí sa todhchaí.

Déantar luach cóir an phlean a thomhas i gcomhréir leis an ordlathas luacha chóir faoi FRS 102 agus de réir bheartas an Chuideachta do shócmhainní cosúil leis atá á coimeád aici. Maidir leis an gcuid is mó de shócmhainní plean is ionann é sin agus an praghas luaite i margadh gníomhach. Áit nach bhfuil praghsanna luaite ar fáil baintear úsáid as teicnící cuí um luacháil chun an luach cóir a mheas.

Tá costas an phlean sochair sainithe, atá aitheanta i mbrabús nó cailteanas mar chostais fostaí, ach amháin áit a bhfuil sé cuimsithe i gcostas sócmhainne, déanta suas mar seo a leanas:

- (a) an méadú ar dhliteanas sochair phinsin ag eascirt ó sheirbhís an fostaí le linn na tréimhse; agus
- (b) an costas as tabhairt isteach an phlean, athruithe ar shochair, ciorrúcháin agus socraíochtaí.

Déantar an glanchostas úis a ríomh agus an ráta lascaíne á chur i bhfeidhm ar ghlanmhéid an oibleagáid sochair sainithe agus luach cóir shócmhainní plean. Aithnítear an costas sin i mbrabús nó cailteanas mar 'costas airgeadais eile'.

Maidir le gnóthachain agus caillteanais achtúireacha ag eascairt ó choigeartuithe agus athruithe taithí ar bhoinn tuisceana achtúireacha cuirtear de mhúirear nó chun sochar loncaim Chuimsithigh Eile iad. Cuirtear na méideanna sin i dteannta leis an toradh ar shócmhainní plean, lúide méideanna curtha san áireamh i nglanús, i láthair mar 'atomhas ar ghlandliteanas sochair sainithe' in Ioncam Cuimsitheach Eile.

Cánachas

Cuimsítear sa chostas cánachais le haghaidh na tréimhse an cháin reatha agus an cháin iarchurtha arna n-aithint sa tréimhse tuairiscithe. Aithnítear cáin sa chuntas Brabúis agus Caillteanais, ach amháin sa mhéid is a bhaineann sí le míreanna aitheanta in Ioncam Cuimsitheach eile nó go díreach i gothromas. Sa chás sin, aithnítear an cháin freisin san ioncam cuimsitheach eile nó ar bhonn díreach sa chothromas faoi seach.

Ní dhéantar lascaíniú ar shócmhainní agus dliteanais cánachais reatha ná iarchurtha.

(i) Cáin reatha

Is ionann an cháin reatha agus an méid cánach ioncaim is iníoctha ar an mbrabús inchánach don bhliain nó do bhlianta roimhe sin. Déantar an cháin a thomhas ar bhonn rátaí cánach agus dlíthe cánach atá achtaithe nó achtaithe go substaintiúil faoi dheireadh na tréimhse. Déanann an lucht bainistíochta measúnú tréimhsiúil ar sheasaimh arna nglacadh i dtuairisceáin chánach i leith cásanna ina bhfuil an rialachán cánach is infheidhme faoi réir léirmhínithe. Nuair is cuí, bunaíonn siad forálacha ar bhonn na méideanna a meastar a íocfar leis na húdaráis chánach.

(ii) Cáin iarchurtha

Eascraíonn an cháin iarchurtha as na difríochtaí uainiúcháin, arb iad na difríochtaí idir na brabúis inchánacha agus an t-ioncam cuimsitheach iomlán mar atá luaithe sna ráitis airgeadais. Eascraíonn na difríochtaí uainiúcháin sin ó chuimsiú ioncaim agus costas sna measúnachtaí cánach i dtréimhsí seachas na cinn ina n-aithnítear iad sna ráitis airgeadais.

Aithnítear cáin iarchurtha ar na difríochtaí uainiúcháin go léir ag an dáta tuairiscithe faoi réir eisceachtaí áirithe. Ní aithnítear caillteanais chánach neamhfhaoisimh ná sócmhainní cánach iarchurtha eile ach amháin nuair is dócha go ndéanfar iad a aisghabháil i gcoinne aisiompú dliteanas cánach iarchurtha nó brabús eile inchánach sa todhchaí.

Déantar an cháin iarchurtha a thomhas de réir rátaí cánach agus dlíthe cánach atá achtaithe nó achtaithe go substaintiúil faoi dheireadh na tréimhse agus a mheastar a bheith infheidhme i leith aisiompú na difríochta uainiúcháin.

Míreanna eisceachtúla

I ráiteas ioncaim na Cuideachta aithnítear míreanna eisceachtúla astu féin. Is é atá i míreanna eisceachtúla ná iad siúd nach mór, dar linn, iad a nochtadh astu féin mar gheall ar a méid, a nádúr nó minicíocht. Creideann an Chuideachta gur féidir anailís bhreise a dhéanamh nuair a dhéantar an saghas sin cur i láthair mar go dtarraingítear aird ar mhíreanna eisceachtúla. I measc na míreanna sin tá gnóthachain ar dhiúscairt sócmhainní agus costais as athstruchtúir gnó sa mhéid is go bhfuil siad suntasach.

Chuíge sin úsáidtear factóirí cáilíochtúla agus cainníochtúla chun 'míreanna eisceachtúla' a shocrú de réir mar a shainíonn muid féin iad. Úsáideann an Chuideachta breithiúnas chun na míreanna áirithe a mheas, atá nochtá i ráiteas ioncaim na Cuideachta agus i nótaí bainteacha mar mhíreanna eisceachtúla, mar gheall ar a méid, a nádúr agus a minicíocht.

Athaicmiú

Rinneadh méideanna ábhartha áirithe ón mbliain roimhe a athaicmiú chun iad a ailíniú le cur i láthair na míreanna sin sa tréimhse reatha.

Ionstraimí airgeadais

Tá roghnaithe ag an gCuideachta Alt 11 agus 12 de FRS 102 a ghlacadh maidir le hionstraimí airgeadais.

(i) Sócmhainní airgeadais

Aithnítear sócmhainní bunúsacha airgeadais, lena n-áirítear trádáil agus infháltais eile, airgead tirim agus iarmhéideanna bainc agus éarlaisí gearrthéarmacha, aithnítear iad ó thús ar phraghas an idirbhirt, ach amháin más idirbheart maoiniúcháin é an socrú, i gcás go dtomhaistear an t-idirbheart ar luach reatha na bhfáltas amach anseo agus lascaíniú déanta air ar ráta ús margaidh.

Déantar a leithéid de shócmhainní a thabhairt ar aghaidh ina dhiaidh sin ar chostas amúchta, agus modh an úis ghlain á úsáid.

Ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe, déantar measúnú ar shócmhainní airgeadais a tomhaiseadh ar chostas amúchta, d'fhonn fianaise oibiachtúil de bhearnúchán a fháil. Má tá an tsócmhainn bearnaithe, is ionann an caillteanas bearnúcháin agus an difríocht idir an luach tugtha ar aghaidh agus luach reatha na sreafaí measta airgid thirim a bhfuil lascaíniú déanta orthu ar ráta bunaidh úis glan na sócmhainne. Aithnítear an caillteanas bearnúcháin mar bhrabús nó caillteanas.

Beartais Chuntasáiochta ar leanúint

Más amhlaidh, i mbliain airgeadais ina dhiaidh sin, go laghdaítear méid chaillteanas lagaithe agus gur féidir ceangal oibiachtúil a dhéanamh idir an laghdú agus imeacht a tharla tar éis gur aithníodh an lagú cealaítear an caillteanas lagaithe a aithníodh roimhe sin. Bíonn an oiread freaschuir i gceist nach sáraíonn an tsuim ghlanluacha reatha an méid a bheadh sa tsuim ghlanluacha mura mbeadh an bearnú aitheanta roimhe seo. Aithnítear an freaschur lagaithe mar bhrabús nó mar chaillteanas.

Déantar sócmhainní airgeadais a dhí-aithint nuair atá (a) na cearta conarthacha i leith na sreafaí airgid ón tsócmhainn tar éis dul in éag nó socraithe, nó (b) nuair a aistrítear na rioscaí agus luaíochtaí go léir a bhaineann le húnéireacht an tsócmhainn airgeadais go substainteach go páirtí eile nó (c) nuair a aistrítear rialú an tsócmhainn airgeadais go páirtí eile a bhfuil sé de chumas praiticiúil aige/aici an tsócmhainn a dhíol go haontaobhach le trú páirtí neamhghaolmhar gan srianta breise a chur i bhfeidhm.

(ii) Dlíteanais airgeadais

Aithnítear sócmhainní bunúsacha airgeadais, lena n-áirítear trádáil, infháiltais eile agus iasachtaí bainc; aithnítear iad ó thús ar phraghas an idirbhirt, ach amháin más idirbheart maoiniúcháin é an socrú, i gcás go dtomhaistear an ionstraim féich ar luach reatha na bhfáltais amach anseo agus lascaíniú déanta air ar ráta ús margaidh le haghaidh ionstraim fiachais den chineál céanna.

Déantar na dlíteanais sin a thabhairt ar aghaidh ina dhiaidh sin ar chostas amúchta, agus modh an ráta úis ghlain á úsáid.

Aithnítear táillí a íoctar ar bhunú saoráidí iasachtaí mar chostais idirbhirt na hiasachta sa mhéid is gur dócha go mbeidh cuid den tsaoráid nó í go léir tarraingthe anuas. Sa chás seo, tá an táille iarchurtha go dtí go dtarlóidh an tarraingt anuas. Déantar costais agus táillí idirbhirt a amúchadh thar shaolré na hiasachta.

Is oibleagáidí iad méideanna iníochta trádála íoc as earraí nó seirbhísí atá faighte sa ghnáthchúrsa gnó ó sholáthraithe. Aicmítear cuntais iníochta mar dhlíteanais reatha má tá an íocaíocht dlite taobh istigh de bhliain amháin nó níos lú. Mura bhfuil, léirítear iad mar dhlíteanais neamhreatha. Aithnítear méideanna iníochta trádála ar dtús ar phraghas idirbhirt agus tomhaistear iad ina dhiaidh sin ar chostas amúchta trí mhodh an úis ghlain.

Déantar dlíteanais airgeadais a dhí-aithint nuair a chuirtear deireadh leis an dlíteanas, is é sin, nuair a dhíscailítear an oibleagáid chonarthathe, nuair a chuirtear ar ceal í nó nuair a théann sí in éag.

(iii) Díorthaigh

Ní ionstraimí airgeadais bunúsacha iad díorthaigh, agus malairtí ráta úis agus réamhchonarthaí i malairt eachtrach san áireamh.

Aithnítear díorthaigh ar dtús ag luach cóir ar an dáta a dtéitear isteach i gconradh díorthaigh agus ina dhiaidh sin déantar iad a atomhas ag a luach cóir. Aithnítear athruithe ar luach cóir díorthach i mbrabús nó caillteanas i gcostais airgeadais nó ioncain mar is cuí. Ní chuireann an Chuideachta cuntasáiocht fálaithe i bhfeidhm faoi láthair i gcás díorthaigh ráta úis nó malairte eachtraí.

(iv) Fritháireamh

Déantar sócmhainní agus dlíteanais airgeadais a fhritháireamh in éineacht leis na glanmhéideanna atá curtha i láthair sna ráitis airgeadais nuair atá ceart in-fheidhmithe ann na méideanna aitheanta a fhritháireamh agus go bhfuil intinn ann socrú a dhéanamh ar ghlanbhunús nó an tsócmhainn a réadú agus socrú dlíteanais a dhéanamh ag an am céanna.

Forálacha agus teagmhais

Is é atá i bhforálacha ná dlíteanais nach bhfuil am ná méid cinnte ag gabháil leo.

Aithnítear forálacha nuair a bhíonn oibleagáid dlí nó oibleagáid inchiallaithe reatha ar an gCuideachta de thoradh teagmhas a tharla roimhe seo, is dóchúil go mbeidh aistriú tairbhí eacnamaíocha ag teastáil chun an oibleagáid a shocrú agus is féidir méid na hoibleagáide a mheas go hiontaofa.

Déantar forálacha a thomhas ag luach reatha an mheastacháin is fearr ar an méid a theastaíonn chun an oibleagáid a shocrú agus úsáid á baint as ráta réamhchánach a léiríonn measúnuithe reatha an mhargaidh ar luach ama an airgid agus na rioscaí atá sonrath don dlíteanas. Déantar forálacha a athbhreithniú ag deireadh gach bliana airgeadais agus déantar coigeartú orthu chun go léireofaí an meastachán reatha is fearr ar an méid a theastaíonn chun an oibleagáid a shocrú. Aithnítear leachtú na lascaíne mar chostas airgeadais i mbrabús nó caillteanas, agus é curtha i láthair mar chuid de 'ús iníochta agus muirir chosúla' sa bhliain airgeadais ina dtagann sé chun cinn.

Nuair atá roinnt oibleagáidí comhchosúla ann, cinntear an dóchúlacht go mbeidh gá le heis-sreabhadh mar shocrú, cinntear é trí aicme na n-oibleagáidí a bhreithniú ina hiomláine.

I gcás dliteanais theagmhasacha a eascraíonn as teagmhais a tharla roimhe seo, ní aithnítear mar dhliteanas iad mar ní dócha go mbeidh ar an gCuideachta tairbhí eacnamaíocha a aistriú chun an oibleagáid a shocrú, é sin nó ní bheifear in ann an méid a thomhas go hiontaofa ag deireadh na bliana. Aithnítear oibleagáidí féideartha ach éiginnte mar dhliteanas ach is dliteanais teagmhasacha iad. Nochtar dliteanais theagmhasacha sna ráitis airgeadais ach amháin mura dócha in aon chor go dtarlóidh eis-sreabhadh acmhainní.

Ní aithnítear sócmhainní teagmhasacha. Nochtar sócmhainní teagmhasacha sna ráitis airgeadais nuair is dócha go dtarlóidh insreabhadh tairbhí eacnamaíocha.

Dáileadh ar shealbhóirí cothromais

Aithnítear díbhinní agus dáileadh eile ar scairsealbhóirí na Cuideachta mar dhliteanas sna ráitis airgeadais le linn na tréimhse ina bhfaomhann scairsealbhóirí na Cuideachta díbhinní agus dáileadh eile. Aithnítear na méideanna sin sa ráiteas mar athruithe ar chothromas. Aithnítear díbhinní eatramhacha nuair a íoctar iad.

Scairchaipiteal

Aicmítear gnáthscaireanna mar chothromas agus aithnítear iad ag na fáltais a fhaightear. Maidir le costais incriminteacha atá inchurtha go díreach i leith cheist na ngnáthscaireanna nó na roghanna nua, taispeántar i gcothromas iad mar dhéaduchtú, glan ó cháin, ó na fáltais.

Cuntais Tuála

Is ionann ioncam tuála agus ioncam díreach a ghearrtar bunaithe ar úsáid. Áirítear le costais tuála ábhair dhíreacha, saothar díreach agus sciar cuí de na forchostais ábhartha, arna gcionroinnt ar an mbonn seo a leanas:

Forchostas	Bonn na cionroinnte
Rátaí	Meánúsáid in aghaidh an tuga
Árachas	% den ioncam tuála
Leictreachas	Meánúsáid in aghaidh an tuga
Teileachumarsáid	% d'iomlán na teileachumarsáide
Riarachán	% den chostas iomlán

Cuntas Brabúis agus Cailteanais

Don Bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2019

	Nótaí	2019 €'000	2018 €'000
Láimhdeachas	5	92,723	90,374
Costas díolachán		(32,467)	(28,941)
Brabús Comhlán		60,256	61,433
Speansais riaracháin		(16,027)	(14,645)
Ioncam oibriúcháin eile	6	-	600
Brabús Oibriúcháin	8	44,229	47,388
Ús infhaighte agus ioncam comhchosúil	7	1,069	973
Ús infhaighte agus muirir chomhchosúla	7	(679)	(506)
Glanioncam Úis		390	467
Brabús ar Ghnáthghníomhaíochtaí roimh Chánachas		44,619	47,855
Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí	10	(5,974)	(6,334)
Brabús don Bhliain Airgeadais		38,645	41,521

Ba ó ghníomhaíochtaí leantacha amháin a d'eascair Láimhdeachas agus Brabús Oibriúcháin.

Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

Don Bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2019

	Nótaí	2019 €'000	2018 €'000
Brabús don Bhliain Airgeadais		38,645	41,521
(Cailteanas)/gnóthachan atomhais aitheanta ar oibleagáidí sochair sainithe	30	(5,212)	2,377
Cáin iarchurtha bainteach le cailteanas/(gnóthachan) atomhais ar oibleagáidí sochair sainithe	10	651	(297)
(Cailteanas)/ioncam cuimsitheach eile don bhliain airgeadais, glan ó cháin		(4,561)	2,080
Iomlán an Ioncaim Chuimsitheach don bhliain airgeadais		34,084	43,601

Clár Comhardaithe

Amhail ar an 31 Nollaig 2019

	Nótaí	2019 €'000	2018 €'000
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní inláimhsithe	11	564,077	496,190
Sócmhainní doláimhsithe	12	380	416
		564,457	496,606
Sócmhainní reatha			
Talamh forbartha	13	1,246	1,246
Fardail	14	540	501
Féichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí	15	18,401	18,033
Airgead sa bhanc agus ar láimh		77,305	43,254
Infheistíochtaí (dlíte tar éis níos mó ná aon bhliain amháin)	16	48,044	53,181
		145,536	116,215
Creidiúnaithe – Méideanna dlíte laistigh d'aon bhliain amháin	17	(14,073)	(11,985)
Glansócmhainní reatha		131,463	104,230
Sócmhainní iomlána lúide dlíteanais reatha		695,920	600,836
Creidiúnaithe – Méideanna dlíte i ndiaidh aon bhliain amháin	18	(211,776)	(146,625)
Forálacha le haghaidh dlíteanas			
Forálacha eile le haghaidh dlíteanas	21	(13,726)	(13,777)
Glansócmhainní		470,418	440,434
Caipiteal agus cúlchistí			
Scairchaipiteal tarraingthe anuas agus é léirithe mar chothromas	22	14,464	14,464
Cúlchiste um thiontú caipitil	22	119	119
Cuntas Brabúis agus caillteanais		455,117	425,133
Ranníocaíocht chaipitiúil	22	718	718
Iomlán an chothromais		470,418	440,434

Rinne an Bord Stiúrthóirí na ráitis airgeadais ar leathanach 27 go dtí 60 a údarú lena n-eisiúint ar an 27 Márta 2020, agus síníodh thar ceann an Bhoird iad.

Thar ceann an Bhoird

Eamonn O'Reilly
Príomhfheidhmeannach

Keith Nolan
Stiúrthóir

27 Márta 2020

Ráiteas ar Athruithe ar Chothromas

Don Bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2019

	Nóta	Scairchaipiteal glaoite €'000	Cúitche um thionú caipitil €'000	Ranníocaíocht chaipitiúil €'000	Cuntas brabús agus cailtleanais €'000	Iomlán €'000
Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2018	22	14,464	119	718	393,705	409,006
Brabús na bliana		-	-	-	41,521	41,521
Ioncam Cuimsitheach Eile don bhliain		-	-	-	2,080	2,080
Ioncam Cuimsitheach Iomlán don bhliain		-	-	-	43,601	43,601
Díbhinní	9	-	-	-	(12,173)	(12,173)
Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2018	22	14,464	119	718	425,133	440,434
Iarmhéid ar an 1 Eanáir 2019	22	14,464	119	718	425,133	440,434
Brabús na bliana		-	-	-	38,645	38,645
Ioncam Cuimsitheach Eile		-	-	-	(4,561)	(4,561)
Ioncam Cuimsitheach Iomlán don bhliain		-	-	-	34,084	34,084
Díbhinní	9	-	-	-	(4,100)	(4,100)
Iarmhéid amhail ar an 31 Nollaig 2019	22	14,464	119	718	455,117	470,418

Ráiteas ar Shreafaí Airgid

Don Bhliain Airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2019

	Nótaí	2019 €'000	2018 €'000
Glanmhéid airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	23	55,809	54,941
Cáin íochta		(5,707)	(6,948)
Glanairgead ginte ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		50,102	47,993
Sreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Ceannach sócmhainní inláimhsithe		(77,025)	(89,207)
Ceannach sócmhainní doláimhsithe		(44)	-
Deontais a fuarthas		1,914	159
Fáltais ó dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe		5	-
Ús faighte		-	4
Glanmhéid airgid thirim úsáidte i ghníomhaíochtaí infheistíochta		(75,150)	(89,044)
Sreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin			
Iasachtaí ardaithe		-	75,000
Fáltais ó eisiúint bannaí		100,009	-
Aisíocaíocht iasachtaíochtaí bainc		(36,316)	-
Díbhinní íochta	9	(4,100)	(12,173)
Ús íochta agus muirir chomhchosúla		(494)	(446)
Glanairgead tirim ó ghníomhaíochtaí maoinithe		59,099	62,381
Glanmhéadú ar airgead tirim sa bhanc agus ar láimh		34,051	21,330
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag tús na bliana		43,254	21,924
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag deireadh na bliana		77,305	43,254
Tá airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim déanta suas de:			
Airgead sa bhanc agus ar láimh		77,305	43,254
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		77,305	43,254

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

1. Faisnéis ghinearálta

Soláthraíonn an Cuideachta Comhlacht Chalafort Átha Cliath an bonneagar, na háiseanna, na seirbhísí agus na láithreacha crua-sheasta le freastal ar riachtanais custaiméirí maidir le haistriú éifeachtúil earraí agus paisinéirí idir nóid tíre agus muirí.

Gintear ioncam, maidir leis na háiseanna sin a chur ar fáil, ó na nithe seo a leanas: dleachtanna soithigh, dleachtanna earraí, cíós agus na príomhsheirbhísí a chuirtear ar fáil, amhail tuáil agus píolótaíocht.

Tá an Chuideachta corpraithe i bPoblacht na hÉireann agus tá sainchónaí air inti. Is é seoladh a oifige cláraithe ná Ionad an Phoirt, Bóthar Alexandra, Baile Átha Cliath 1.

2. Ráiteas géilliúntais

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh agus comhlíonann siad Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102, 'An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá i bhfeidhm sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann' ('FRS 102'), agus Acht na gCuideachtaí, 2014.

3. Breithiúnais agus meastacháin chriticiúla a úsáidtear agus beartais chuntasaíochta na Cuideachta á gcur i bhfeidhm

Déantar measúnú leanúnach ar mheastacháin agus breithiúnais agus bíonn siad bunaithe ar thairbhí stairiúil agus tosca eile, lena n-áirítear imeachtaí sa todhchaí a bhfuiltear ag súil leo, a mheastar a bheith réasúnta sa chás áirithe sin.

Déanann an Chuideachta meastacháin agus boinn tuisciana maidir leis an todhchaí. Na meastacháin chuntasaíochta a bheidh ann dá bharr, is annamh, faoi mar a thuigfí, a bheidh siad comhionann leis na torthaí iarbhír gaolmhara. Pléitear thíos na meastacháin agus boinn tuisciana a bhfuil baol mór ag baint leo go mbeidh coigeartú ábhartha mar thoradh orthu ar ghlanmhéideanna sócmhainní agus dliteanas laistigh den bhliain airgeadais atá le teacht:

(i) Saolré úsáideach eacnamaíoch na sócmhainní inláimhsithe seastas

Is féidir leis an muirear dímhéasa bliantúil le haghaidh sócmhainní inláimhsithe athrú de réir athruithe ar shaolré eacnamaíoch úsáideach measta agus luachanna iarmharacha na sócmhainní. Déantar saolré eacnamaíoch úsáideach agus luachanna iarmharacha a athmhéasúnú gach bliain agus a leasú más gá. Féach nóta 11 le haghaidh glanmhéid sócmhainní inláimhsithe na Cuideachta agus na Beartais Chuntasaíochta don saolré eacnamaíoch úsáideach atá i gceist i gcás gach aicme sócmhainne.

(ii) Scéim pinsin le sochair sainithe

Tá sé mar oibleagáid ar an gCuideachta sochair phinsin a íoc le fostaithe áirithe. Braitheann costas na sochar sin agus luach reatha na hoibleagáide ar roinnt fachtóirí, a bhfuil ina measc; ionchas saoil, méaduithe ar thuarastail, luachálacha sócmhainne agus an ráta lascaire ar bhannaí corparáide. Déanann an lucht bainistíochta na fachtóirí sin a mheas chun an ghlanoibleagáid phinsin sa Chlár Comhardaithe a mheas. Léiríonn na boinn tuisciana taithí stairiúil agus treochoirí reatha. Féach nóta 30 le haghaidh na nochtuithe maidir leis an scéim pinsin le sochair sainithe.

4. Sócmhainní agus dliteanais arna bhfáil ar an Lá Dílsithe

Faoi fhorálacha an Achte Cuanta, 1996, chuaigh an Chuideachta i mbun na bhfeidhmeanna a bhíodh á gcomhlíonadh ag Bord Phort agus Duganna Bhaile Átha Cliath ar an 3 Márta 1997 ("An Lá Dílseacháin").

Ansin shocraigh an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha a bhí ann ag an am, an costas don Chuideachta as sócmhainní a fuair siad ar an Lá Dílseacháin. Tógadh ar láimh dliteanais (pinsin agus deontais chaipitil) ag a méideanna iarbhír nó socraithe. Áirítear le dliteanais phinsin (féach nóta 30) iad siúd i dtaobh teidlíochtaí pinsin roimh an Lá Dílsithe de chuid fhostaithe na Cuideachta, chomh maith le pinsinéirí reatha agus iarchurtha an aonáin a bhí ann roimhe, Bord Phort agus Duganna Bhaile Átha Cliath.

Aistríodh sócmhainní agus feidhmeanna an Choiste Píolótaíochta a bunaíodh faoin Acht Píolótaíochta 1913, trí oibriú an dlí chuig Cuideachta Comhlacht Chalafort Átha Cliath i mí Iúil 1997, faoin Acht Cuanta, 1996 Ordú (Tosach Feidhme) (Uimh. 3) 1997.

Sásaíodh an chomaoin le haghaidh na nglansócmhainní arna n-aistriú chuig an gCuideachta trí chruthú agus eisiúint 6.023 milliún gnáthscair de RE1 (€1.27) agus gach ceann íochta go hiomlán. Tá aon ghnáthscair amháin i seilbh an Aire Airgeadais agus tá an chuid eile díobh i seilbh an Aire Iompair amhail ar an 31 Nollaig 2019.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais ar leanúint

5. Láimhdeachas

	2019 €'000	2018 €'000
De réir aicme gnó (iad go léir laistigh de Phoblacht na hÉireann)		
Dleachtanna poirt	78,591	76,424
Cíosanna	13,064	12,951
Ceadúnais	680	614
Eile	388	385
	92,723	90,374

6. Ioncam Oibriúcháin Eile

	2019 €'000	2018 €'000
Athluacháil réadmhaoine infheistíochta	-	600
	-	600

7. Glanspeansas Úis

	2019 €'000	2018 €'000
(a) Ús infhaighte agus muirir chomhchosúla:		
- Ús ar iasachtaíochtaí atá aisíníochta go hiomlán laistigh de chúig bliana	(679)	(506)
	(679)	(506)
(b) Ús infhaighte agus ioncam comhchosúil:		
- Ús infhaighte	-	4
- Glanioncam airgeadais-scéimeanna pinsin (féach nóta 30)	1,069	969
	1,069	973
(c) Glanioncam úis	390	467

8. Brabús Oibriúcháin

	2019	2018
	€'000	€'000
Thángthas ar an bhfigiúr don Bhrabús Oibriúcháin tar éis an méid seo a leanas a mhuirearú/(a chur chun sochair):		
Dímheas (féach nóta 11)	10,238	9,524
Amúchadh sócmhainní doláimhsithe (féach nóta 12)	80	75
Amúchadh deontas caipitil (féach nóta 20)	(582)	(542)
Barrachas ar athluacháil réadmhaoine infheistíochta (féach nóta 6)	-	(600)
(Cailteanas)/gnóthachan lagaithe ar mhéideanna trádála infhála	(28)	7
Brabús ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe	(5)	(18)

Luach saothair na nIníúcháirí:

Seo a leanas an luach saothair (agus speansais san áireamh) as an iniúchadh reachtúil agus seirbhísí eile arna gcur ar fáil ag iniúcháirí na Cuideachta:

	2019	2018
	€'000	€'000
Iniúchadh ar ráitis airgeadais an aonáin	43	43
Seirbhísí dearbhaithe eile	14	14
Seirbhísí neamh-iniúchtha eile	8	184
Seirbhísí comhairleacha cánach	28	25
	93	266

Tacaíocht Sheachtrach agus Costais Speisialtóra Chomhairleacha

	2019	2018
	€'000	€'000
Comhairle Dlí	946	333
Cáin agus Comhairle Airgeadais	124	100
Caidreamh Poiblí/Margaíocht	241	210
Pinsean agus Acmhainní Daonna	312	285
Innealtóireacht	471	1,251
Comhshaoil	303	720
Eile	1,099	266
Costais Iomlána arna ngearradh ar an gCuntas Brabúis agus Cailteanais	3,496	3,165
Costais Chaipitlithe	8,307	7,483
Costais arna ngearradh ar an gCuntas Brabúis agus Cailteanais	3,496	3,165
Costais Iomlána	11,803	10,648

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais ar leanúint

8. Brabús Oibriúcháin (ar leanúint)

Costais Dhlíthiúla agus Socruithe

	2019	2018
	€'000	€'000
Socruithe íoctha	68	57
Socruithe faighte	(43)	(23)
Iomlán	25	34

Caiteachas Taistil agus Cothaithe

	2019	2018
	€'000	€'000
Inmheánach		
- Bord	-	3
- Fostaithe	17	20
Idirnáisiúnta		
- Bord	6	-
- Fostaithe	43	138
Iomlán	66	161

Caiteachas fáilteachais

	2019	2018
	€'000	€'000
Fáilteachas na bhFostaithe	104	123
Fáilteachas na gCliaint	131	158
Iomlán	235	281

Cuntais Tuála

Thug Parlaimint na hEorpa an Rialachán um Sheirbhísí Calafóirt (Rialachán 2017/352) isteach ar an 15 Feabhra 2017. De réir an Rialacháin, bunaítear creat um sholáthar sheirbhísí poirt agus rialacha coiteanna maidir le trédhearcacht airgeadais na bport.

Leagtar amach thíos cuntas Brabúis agus Cailteanais i ndáil le seirbhís tuála na Cuideachta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019, i dteannta le figiúirí comparáideacha le haghaidh 2018.

	2019	2018
	€'000	€'000
Láimhdeachas (san áireamh le láimhdeachas Dleachtanna Poirt – féach nóta 5)	4,362	4,220
Costas díolachán	1,423	1,289
Brabús Comhlán	2,939	2,931
Speansais riaracháin	973	884
Brabús Oibriúcháin	1,966	2,047

9. Díbhinn Íoctha

	2019	2018
	€'000	€'000
Díbhinn eatramhach íoctha de €0.3543 in aghaidh na scaire (2018: €1.052 in aghaidh na scaire)	(4,100)	(12,173)

10. Cánachas

(a) Speansas cánach curtha san áireamh i mBrabús agus Cailteanas

	2019	2018
	€'000	€'000
Cáin reatha:		
Bunaithe ar bhrabúis maidir le gníomhaíocht poirt le haghaidh na bliana:		
Cáin Chorparáide ag ráta éifeachtach de 12.5% (2018: 12.5%)	(5,165)	(5,542)
Bunaithe ar bhrabúis maidir le gníomhaíocht nach gníomhaíocht Poirt í		
Cáin Chorparáide ag ráta éifeachtach de 25% (2018: 25%)	(311)	(349)
	(5,476)	(5,891)
Coigeartuithe i dtaobh tréimhsí atá imithe thart	102	2
Iomlán na cánach reatha	(5,374)	(5,889)
Cáin iarchurtha:		
Difríochtaí uainiúcháin idir ranníocaíochtaí pinsin arna n-íoc agus pinsin arna muirearú	(9)	(27)
Difríochtaí uainiúcháin maidir le Liúntais Chaipitil luathaithe	(591)	(416)
Rósholáthar sa bhliain roimhe	-	(2)
Iomlán na cánach iarchurtha	(600)	(445)
Iomlán an mhuirir cánach	(5,974)	(6,334)
(b) Speansas cánach curtha san áireamh in Ioncam Cuimsitheach eile		
Cáin iarchurtha		
- Cáin iarchurtha bainteach le cailteanas/(gnóthachan) mar thoradh ar atomhas pinsean le sochar sainithe	651	(297)
Iomlán an speansais cánach curtha san áireamh in Ioncam/(cailteanas) Cuimsitheach eile	651	(297)

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais ar leanúint

10. Cánachas (ar leanúint)

(c) Imríteach an mhuirir cánach

Tá an muirear iomlán as Cáin Chorparáide le haghaidh na bliana airgeadais níos lú (2018: níos ísle) ná an muirear cánach iomlán a thiocthadh chun cinn mar thoradh ar ráta caighdeánach Cháin Chorparáide na hÉireann a chur i bhfeidhm ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí. Mínítear na difríochtaí thíos:

	2019 €'000	2018 €'000
Brabús ar Ghnáthghníomhaíochtaí roimh Cháin	44,619	47,855
Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí agus é iolraithe faoi mheánráta Cáin Chorparáide na hÉireann don bhliain de 12.5% (2018: 12.5%)	(5,577)	(5,982)
Éifeachtaí a bhaineann le:		
Speansais dícheadaithe	(343)	(252)
Ioncam neamh-inchánach	-	75
Ioncam éighníomhach dlite do cháin ag 25%	(156)	(175)
Coigeartú ar an muirear cánach i dtaobh na bliana roimhe	102	-
Muirear cánach iomlán don tréimhse	(5,974)	(6,334)

11. Sócmhainní Inláimhsithe

	Tailte agus Foirgnimh €'000	Críochfoirt €'000	Struchtúir Duga, Dugaí Tirime agus Céanna €'000	Árthaí ar Snámh €'000	Craenacha €'000	Gléasra agus Innealra €'000	Réadmhaoin Infheistíochta €'000	CIP €'000	Iomlán €'000
Costas nó luacháil									
Amhail ar an 1 Eanáir 2019	145,499	210,864	144,734	16,665	3,370	26,446	8,500	101,944	658,022
Breiseanna i rith na bliana	629	557	9,074	-	170	2,203	-	65,492	78,125
Aistriú ó CIP	456	-	17,460	203	-	67	-	(18,186)	-
Amhail ar an 31 Nollaig 2019	146,584	211,421	171,268	16,868	3,540	28,716	8,500	149,250	736,147
Dímheas Carntha									
Amhail ar an 1 Eanáir 2019	19,930	87,122	31,361	5,188	3,370	14,861	-	-	161,832
Muirear don bhliain	2,205	2,844	3,264	602	8	1,315	-	-	10,238
Amhail ar an 31 Nollaig 2019	22,135	89,966	34,625	5,790	3,378	16,176	-	-	172,070
Glanluach de réir na Leabhar									
Amhail ar an 1 Eanáir 2019	125,569	123,742	113,373	11,477	-	11,585	8,500	101,944	496,190
Amhail ar an 31 Nollaig 2019	124,449	121,455	136,643	11,078	162	12,540	8,500	149,250	564,077

Ba é an tAire Cumarsáidí, Mara agus Acmhainní Nádúrtha a bhí ann ag an am a shocraigh an costas don Chuideachta as sócmhainní arna bhfáil ar an Lá Dílsithe, 3 Márta 1997, faoin Acht Cuanta, 1996 mar chomhaoin do scaireanna eisithe.

11. Sócmhainní Inláimhsithe (ar leanúint)

In 2019, aithníodh €5,000 (2018: €18,000) de bhrabús ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe.

Is ionann an réadmhaoin infheistíochta agus leas 50% i maoin ruílse, agus rinne Lisney í a luacháil go neamhspleách amhail ar an 31 Nollaig 2019 ar bhonn luacháil margaidh oscailte. Ba ionann an luacháil agus tuairim an luachálaí ar luach margaidh amhail ar an 31 Nollaig 2019 agus ullmhaíodh í i gcomhréir leis an Luacháil RICS - Caighdeán Idirnáisiúnta (a chuimsíonn na Caighdeáin Luachála Idirnáisiúnta), a d'fhoilsigh an Royal Institution of Chartered Surveyors i Lúnasa 2017. Thug an luachálaí faoi deara go bhfuil luachanna faoi réir athruithe de thoradh choigeartuithe an mhargaidh agus fachtóirí eile, agus mar sin go bhféadfadh go mbeadh luachanna sa todhchaí níos airde nó níos ísle mar a bhí ar an dáta luachála. Níor tháinig aon bharrachas athluachála aníos in 2019 (2018: barrachas de €0.6m). Aon bharrachais a thagann aníos i dtaca leis an athluacháil seo, cuirfear é do shochar na líne eile ioncaim oibriúcháin den chuntas Brabúis agus Cailteanais.

12. Sócmhainní doláimhsithe

	2019 €'000
Costas nó luacháil	
Amhail ar an 1 Eanáir	1,571
Breiseanna i rith na bliana	44
Amhail ar an 31 Nollaig	1,615
Amúchadh Carntha	
Amhail ar an 1 Eanáir	1,155
Muirear don bhliain	80
Amhail ar an 31 Nollaig	1,235
Glanluach de réir na Leabhar	
Amhail ar an 1 Eanáir	416
Amhail ar an 31 Nollaig	380

Is sócmhainní doláimhsithe iad bogearraí ríomhaireachta atá forbartha go seachtrach agus déantar na bogearraí a amúchadh thar a saolré úsáideach mheasta ar bhonn mhodh an mhéid chothroim. Tosaíonn an t-amúchadh nuair atá an tsócmhainn réidh don úsáid a ceapadh di.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais ar leanúint

13. Talamh Forbartha

Chuaigh an Chuideachta isteach i gComhaontú arna dhátú an 6 Iúil 1999 le Earlsfort East Point agus Eastpoint (Development) Two Ltd. (“an Forbróir”), le haghaidh forbarth comhdhéanta de thart ar 14 acra de thalamh in aice le Forbairt Ionad Gnó an Phointe Thoir Céim I.

Amhail ar an 31 Nollaig 2019, tá infháltas de €1.246m fós gan íoc maidir leis na trí láithreán talún (a chuimsíonn beagnach 6 acra de thalamh) atá faoi réir an tsocraithe sin. Creideann na Stiúrthóirí go bhfuil glanluach na talún sin go hiomlán inaisghabhála amhail ar an 31 Nollaig 2019.

I dteannta le comaoin as an talamh a díoladh, tá an Chuideachta i dteideal comaoin eile arna ríomh ar bhonn sciar de na glanbhrabúis arna réadú ar dhíolachán maoiné forbartha ag Eastpoint (Development) Two Ltd.

Aithneofar an chomaoin faoin gcomhaontú sin sna ráitis airgeadais sa tréimhse ina réadóidh Cuideachta Comhlacht Chalafort Átha Cliath í. Níor aithníodh aon chomaoin i rith na bliana (2018: NIALAS).

Tá an Chuideachta i mbun plé leis an bhforbróir faoi láthair agus é mar aidhm an t-amfhráma a thabhairt chun críche ó thaobh na comaoine i dtaobh talún agus aon chomaoin bhreise le fáil ar dhíolachán deireanach na maoiné ábhartha.

14. Fardail

	2019 €'000	2018 €'000
Earraí intomhalta	540	501

Tá fardal déanta suas de mhíreanna intomhalta, páirteanna breise agus stórais arna n-úsáid chun fearas a chothabháil. Ní raibh aon difríocht ábhartha idir costas athsholáthair an fhardail agus an méid leabhar thuas.

Luaitear fardail tar éis soláthairtí do bhearnúchán de €Nialas (2018: €Nialas).

15. Féichiúnaithe – Méideanna dlite laistigh d’aon bhliain amháin

	2019 €'000	2018 €'000
Féichiúnaithe trádála	13,712	13,664
CBL	585	697
Ranníocaíochtaí infhála ón scéim pinsin	2,361	2,327
Cáin Chorparáide	1,244	910
Méideanna infhála eile	499	435
	18,401	18,033

Luaitear féichiúnaithe trádála tar éis soláthairtí do bhearnúchán de €42k (2018: €14k).

16. Infheistíochtaí

	2019 €'000	2018 €'000
Sócmhainn pinsin le sochair sainithe (féach nóta 30)	48,044	53,181
	48,044	53,181

17. Creidiúnaithe – Méideanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin

	2019 €'000	2018 €'000
Creidiúnaithe trádála	1,955	1,715
Fabhruithe	10,379	8,466
Ioncam iarchurtha – deontais (féach nóta 20)	580	543
Cáin Siarchoinneála/Cáin Chonarthaí Iomchuí as Seirbhísí Gairmiúla	309	737
Cáin ioncaim arna déaduchtú faoi PAYE	710	390
Árachas sóisialach pá-choibhneasa	140	134
	14,073	11,985
Creidiúnaithe um chánachas agus leas sóisialta curtha san áireamh thuas	1,159	1,261

Bíonn creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile iníoctha ar dhátaí éagsúla i gcaitheamh na dtrí mhí dár gcionn i gcomhréir le gnáth-théarmaí creidmheasa na soláthraithe.

Bíonn cáin agus árachas sóisialta iníoctha ar dhátaí éagsúla i gcaitheamh na míonna atá le teacht i gcomhréir leis na forálacha reachtúla is infheidhme.

18. Creidiúnaithe – Méideanna dlite i ndiaidh aon bhliain amháin

	2019 €'000	2018 €'000
Ioncam iarchurtha – deontais (féach nóta 20)	13,083	11,787
Iasachtaí bainc (féach nóta 19)	198,693	134,838
	211,776	146,625

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais ar leanúint

19. Iasachtaíochtaí agus Fiachas Eile

	2019 €'000	2018 €'000
Iomlán na n-iasachtaíochtaí	198,693	134,838
	198,693	134,838
Tá na hiasachtaí sin iníoctha i gcaitheamh na dtréimhsí seo a leanas tar éis dheireadh na bliana:		
Idir dhá bhliain agus cúig bliana	-	34,838
Tar éis cúig bliana nó níos mó	198,693	100,000
	198,693	134,838
Iasachtaíochtaí gearrthéarmacha	-	34,838
Iasachtaíochtaí bainc fadtéarmacha	98,684	100,000
Iasachtaíochtaí socrúcháin phríobháidigh	100,009	-
	198,693	134,838

Iasachtaíochtaí bainc reatha:

Tá comhaontú déanta ag an gCuideachta le Ulster Bank DAC maidir le saoráid chreidmheasa imrothlaigh ar luach €50m. Cuireadh an tsaoráid sin i bhfeidhm ar bhonn téarma cúig bliana i dtosach báire, agus bhí rogha ann é sin a shíneadh ar feadh dhá thréimhse d'aon bhliain amháin, faoi réir cead ón mbanc. D'fheidhmigh an Chuideachta a rogha le linn 2019 chun an tsaoráid a shíneadh, agus tá sí anois le bheith aisíoctha go hiomlán i Márta 2024. Bhí an tsaoráid gan íostarraingt amhail ag deireadh na bliana (2018: €35m).

Tá an ráta úis ar an iasacht athraitheach ar bhonn an EURIBOR agus ar an gcorrlach is infheidhme. Níl aon urrús inláimhsithe á choimeád ag Banc Uladh i leith na saoráide sin.

Na hiasachtaíochtaí bainc gearrthéarmacha in 2018, tá siad taispeánta glan ó chostais chaipitlithe eisiúna fiachais de €163k, atá le hamúchadh i rith théarma an fhiachais. Meastar go ndéanfar an tsaoráid a íostarraingt arís in 2020, agus ar an ábhar sin, i gcás na gcostas eisiúna fiachais de €112k atá fágtha, tá siad taispeánta i bhfáltais eile (nóta 15).

Iasachtaíochtaí bainc fadtéarmacha:

I Nollaig 2015, rinne an Chuideachta Conradh Maoinithe leis an mBanc Eorpach Infheistíochta i leith saoráid maoinithe tionscadail de €100m. Bhí an tsaoráid sin i bhfeidhm ar feadh téarma 20 bliain agus bhí sí íostarraingthe go hiomlán amhail ag deireadh na bliana. Ba ionann an t-iarmhéid gan íoc agus €98.69m amhail ar an 31 Nollaig 2019 (2018: €100m).

Iasachtaíochtaí socrúcháin phríobháidigh:

I Nollaig 2019, d'eisigh an Chuideachta bannaí sinsearacha neamhurraithe de €300m do réimse infheisteoirí institiúideacha. Eisíodh na bannaí ráta sheasta sin in euro agus tá siad liostaithe ar an Margadh Malairte Domhanda de Euronext Bhaile Átha Cliath. Tíocfaidh na bannaí in aibíocht i Meán Fómhair 2049. Amhail ar an 31 Nollaig 2019, bhí €100m de bhannaí ceannaithe. Tá gealltanas i bhfeidhm go gceannóidh na hinfeisteoirí an €200m atá fágtha de na bannaí, dá dtagraítear bannaí réamhcheannacháin, ar dhátaí sonraithe in 2020 agus 2021. Tá de rogha ag an gCuideachta, áfach, an gealltanas sin a chur ar ceal gan aon chostas agus gan cuid de na bannaí réamhcheannacháin a cheannach, nó gan aon cheann dóibh a cheannach.

Anuas air sin, d'eisigh an Chuideachta méid nótaí neamhliostaithe d'fho-ghrúpa infheisteoirí ar phraghas ainmniúil. Is meicníocht mhalartach d'infheisteoirí iad nótaí neamhliostaithe, a chuireann ar a gcumas suibscríobh do na bannaí atá fágtha (in ionad bannaí réamhcheannacháin a cheannach). Amhail ar an 31 Nollaig 2019, bhí €9,000 faighte ag an gCuideachta i ndáil le ceannach nótaí neamhliostaithe.

Tá coinníollacha ag an bhfiachas socrúcháin phríobháidigh agus ag saoráidí eile, a éilíonn ar an gCuideachta cúnaint áirithe a chomhlíonadh. Amhail ar an 31 Nollaig 2019, tá an Chuideachta ag cloí go hiomlán leis na riachtanais uile maidir le cúnaint.

20. Ioncam Iarchurtha

	2019 €'000	2018 €'000
Deontais agus ranníocaíochtaí i dtreo sócmhainní seasta		
Iarmhéid Tosaigh	12,330	12,713
Faighte le linn na bliana	1,915	159
Amúchta chuig an gCuntas Brabúis agus Cailteanais i rith na bliana	(582)	(542)
Iarmhéid Deiridh	13,663	12,330
Creidiúnaithe – Méideanna dlite laistigh d'aon bhliain amháin (féach nóta 17)	580	543
Creidiúnaithe – Méideanna dlite i ndiaidh aon bhliain amháin (féach nóta 18)	13,083	11,787
	13,663	12,330

Maidir le deontais chaipitiúla arna bhfáil ó údaráis éagsúla i dtaobh caiteachais chaipitil arna bhfulaingt déantar iad a thaifeadadh mar ioncam iarchurtha agus scaoiltear chuig an gCuntas Brabúis agus Cailteanais iad i gcaitheamh shaol úsáideach measta na sócmhainní ábhartha.

21. Forálacha le haghaidh Dlíteanas

Bhí na dlíteanais cánach iarchurtha seo a leanas ag an gCuideachta i rith na bliana:

	2019 €'000	2018 €'000
Amhail ar an 1 Eanáir	(13,777)	(13,035)
Breiseanna ar déileáladh leo i mbrabús agus cailteanas	(600)	(445)
Breiseanna ar déileáladh leo in ioncam cuimsitheach eile	651	(297)
Amhail ar an 31 Nollaig	(13,726)	(13,777)

	2019 €'000	2018 €'000
Léirithe mar:		
Dlíteanais cánach iarchurtha laistigh d'fhorálacha le haghaidh dlíteanas	(13,726)	(13,777)

Tá an fhoráil um cháin iarchurtha déanta suas de na sócmhainní/(dlíteanais) cánach iarchurtha seo a leanas:

	2019 €'000	2018 €'000
Scéim Pinsin le Sochair Sainithe	(6,006)	(6,648)
Difríochtaí uainiúcháin eile	44	44
Liúntais chaipitiúla luathaithe	(7,764)	(7,173)
	(13,726)	(13,777)

Níor aithníodh sócmhainní cánach iarchurtha de €0.3m (2018: €0.3m) i dtaobh cailteanas caipitiúil ar an mbunús nach dócha go bhfaighfead ar ais an sochar ó na cailteanais chánach sin.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais ar leanúint

22. Scairchaipiteal agus Cúlchistí

	2019 €'000	2018 €'000
Údaraithe		
96.5m gnáthscair de €1.25 in aghaidh an duine	120,625	120,625
Cionroinnte, glaoite agus íochta go hiomlán – léirithe mar chothromas		
11.571m gnáthscair de €1.25 in aghaidh an duine	14,464	14,464

Tá aicme amháin ann de ghnáthscaireanna. Níl aon srianta ar dháileadh díbhinní ná aisíoc caipitil. Tá cearta vótála comhionanna agus díbhinní ranga ag gabháil le gach scair sa mhéid is go bhfuil an méid iomlán ar gach scair íochta.

Cúlchistí

Tá an t-iarmhéid oscailte, an t-iarmhéid deiridh agus na gluaiseachtaí ar gach cúlchiste leagtha amach sa Ráiteas faoi Athruithe ar Chochothromas. Tá cur síos ar gach cúlchiste tugtha thíos.

Scairchaipiteal glaoite

Tá scairchaipiteal glaoite údaraithe na Cuideachta déanta suas de ghnáthscaireanna.

Cúlchiste um thiontú caipitil

Rinneadh gnáthscaireanna na Cuideachta a athainmniú ó €1.269738 in aghaidh an cheann go €1.25 in aghaidh an cheann i 2001 agus aistríodh an méid faoinar laghdaíodh scairchaipiteal eisithe na Cuideachta chuig ciste ar a dtugtar an Cúlchiste um Thiontú Caipitil.

	2019 €'000	2018 €'000
Cúlchiste um thiontú caipitil	119	119

Ranníocaíocht chaipitiúil

Ar an 12 Iúil 2011, mar a cheadaigh na hAchtanna Cuanta, 1996 go dtí 2009, d'ordaigh an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt go n-aistreofaí feidhmeanna Chuideachta Phort Dhún Dealgan chuig an gCuideachta. Rinneadh na sócmhainní agus dliteanais arna dtógáil ar láimh ag an gCuideachta mar thoradh ar an Ordú Aire sin a thaifeadadh ag a luachanna córa ar an dáta sin. Aithníodh méid comhfhreagrach mar Ranníocaíocht Chaipitiúil i gCistí Scairshealbhóra chun a léiriú go meastar go bhfuil na sócmhainní arna bhfáil agus na dliteanais arna nglacadh comhionann le ranníocaíocht ó phríomh-scairshealbhóir na Cuideachta.

	2019 €'000	2018 €'000
Ranníocaíocht chaipitiúil	718	718

23. Nóta leis an ráiteas ar shreabhadh airgid

	Nótaí	2019 €'000	2018 €'000
Brabús don bhliain airgeadais		38,645	41,521
Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí	10	5,974	6,334
Glanioncam úis	7	(390)	(467)
Brabús Oibriúcháin		44,229	47,388
Amúchadh deontas caipitiúil	20	(582)	(542)
Dímheas sócmhainní inláimhsithe	11	10,238	9,524
Amúchadh sócmhainní doláimhsithe	12	80	75
Athluacháil réadmhaoine infheistíochta	11	-	(600)
Brabús ar dhiúscairt sócmhainní		(5)	(18)
(Méadú)/Laghdú ar fhardail		(38)	35
Laghdú/(Méadú) ar fhéichiúnaithe		78	(3,447)
Méadú ar chreidiúnaithe		815	1,305
Athrú maidir le soláthar pinsin		994	1,221
Glan-insreabhadh airgid thirim ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		55,809	54,941

24. Ceangaltais

Ar an 31 Nollaig, bhí na ceangaltais chaipitil seo a leanas ag an gCuideachta:

	2019 €'000	2018 €'000
Caiteachas caipitil sa todhchaí nach ndearnadh foráil dó		
Conradh déanta dó	55,445	102,736
Údaraithe ag na Stiúrthóirí ach gan conradh déanta dó	29,388	14,390
	84,833	117,126

25. Léasaithe Oibriúcháin an Léasóra

Ar a leanas, tá na híocaíochtaí léasaithe fosta oibriúcháin atá le fáil faoi léasaithe oibriúcháin nach féidir iad a chur ar ceal:

	2019 €'000	2018 €'000
Talamh		
Bliain amháin	10,535	11,943
Idir dhá bhliain agus cúig bliana	34,154	41,336
Níos mó ná cúig bliana	281,729	318,853
	326,418	372,132

Thuill an Chuideachta €13.1m (2018: €12.9m) ó ioncam cíosa don bhliain. Is ionann na méideanna thuasluaite agus ioncam cíosa atá le fáil sa todhchaí thar shaolré na gcomhaontuithe léasa oibriúcháin atá i bhfeidhm ar an 31 Nollaig 2019, nó atá le fáil go dtí an chéad chlúsal scoir i leith na léasanna sin.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais ar leanúint

26. Ionstraimí Airgeadais

Tá na hionstraimí airgeadais seo a leanas ag an gCuideachta:

	2019	2018
	€'000	€'000
Sócmhainní airgeadais ar ionstraimí fiachais iad atá tomhaiste ar chostas amúchta:		
Féichiúnaithe trádála	13,712	13,664
Féichiúnaithe eile	499	435
	14,211	14,099
Airgead sa bhanc agus ar láimh	77,305	43,254
Dlíteanais airgeadais arna dtomhas ar chostas amúchta:		
Íasachtaí bainc	198,693	134,838
Creidiúnaithe trádála	1,955	1,715
Creidiúnaithe eile	10,379	8,466
	211,027	145,019

27. Luach Saothair na Stiúrthóirí

	2019	2018
	€'000	€'000
Luachanna Saothair	402	390
Ranníocaíochtaí le scéimeanna sochair scoir - Sochar sainithe	178	176

Tá sochair scoir á bhfabhrú chuig beirt Stiúrthóirí (2018: beirt Stiúrthóirí) faoi scéimeanna le sochair sainithe.

Ní ghlacann na Stiúrthóirí páirt in aon scéimeanna dreasachta fadtéarmaí agus níl aon leasanna cothromais acu sa Chuideachta. Ní dhearnadh aon íocaíochtaí i rith na bliana (2018: NIALAS) i dtaobh cúiteamh as íocaíochtaí oifige nó foirceanta eile a chailleadh.

27. Luach Saothair na Stiúrthóirí (ar leanúint)

San áireamh sa mhéid thuas tá pacáiste luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh déanta suas mar seo a leanas:

	2019 €'000	2018 €'000
Táillí Stiúrthóra	13	13
Tuarastal	185	185
Sochair eile a chuimsíonn Costais Phinsin agus Sochair Inchánach	161	161
	359	359

Táillí Stiúrthóirí

	2019 €	2018 €
L McCaffrey	21,215	21,600
E O'Reilly	12,600	12,600
P Bates	-	9,062
M Brophy	11,547	-
H Collins	12,600	12,065
G Darling	12,600	12,600
E Finnan	-	8,440
M Hand	12,600	10,822
K Nolan *	12,600	12,600
L Williams	11,547	-
	107,309	99,789

*I dteannta le táillí na Stiúrthóirí, íocadh an tUas. Nolan mar fhostaí de Chuideachta Comhlacht Chalafoirt Átha Cliath.

Cúiteamh na bpríomhbhainisteoirí

Tá an cúiteamh íochta nó iníochta le príomhbhainisteoirí taispeánta thíos:

	2019 €'000	2018 €'000
Tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha eile	1,779	1,812
Sochair iarfhostaíochta	377	362
Iomlán chúiteamh na bpríomhbhainisteoirí	2,156	2,174

Léiríonn méideanna cúitimh nochta na bpríomhbhainisteoirí cúiteamh do na daoine sin a bhfuil údarás acu agus freagracht orthu maidir le gníomhaíochtaí na Chuideachta a phleanáil, a stiúradh agus a rialú. Cuimsíonn na príomhbhainisteoirí Comhaltaí Boird agus baill den fhoireann bainistíochta feidhmí. Tá ÁSPC an fhostóra san áireamh leis na méideanna thuasluaite.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais ar leanúint

28. Fostaithe

	2019 €'000	2018 €'000
Tá costais foirne déanta suas de:		
Pá agus tuarastail	12,008	11,467
Liúntais	371	356
Ragobair	410	418
Costais leasa shóisialaigh	1,230	1,153
Costais phinsin eile - Scéimeanna le Sochair Sainithe (féach nóta 30)	1,204	1,275
Costais phinsin eile - Scéimeanna Ranníocaíochta Sainithe (féach nóta 30)	762	591
	15,985	15,260

As costais iomlána na mball foirne, rinneadh €1,046,000 (2018: €910,000) a chaipitliú i sócmhainní seasta inláimhsithe agus caitheadh le €14,939,000 (2018: €14,350,000) mar speansas sa Chuntas Brabúis agus Caillteanais.

Ba é meánlíon na ndaoine a bhí fostaithe ag an gCuideachta i rith na bliana ná 162 (2018: 163).

Sochair ghearrthéarmacha fostaithe

€	2019 Líon na bhfostaithe sa ghrúpa	2018 Líon na bhfostaithe sa ghrúpa
50,000 – 74,999	61	76
75,000 – 99,999	46	37
100,000 – 124,999	16	14
125,000 – 149,999	5	1
150,000 – 174,999	4	4
175,000 – 199,999	3	2

Tá tuarastal, liúntais agus íocaíochtaí eile san áireamh i sochair ghearrthéarmacha na bhfostaithe maidir le seirbhísí a cuireadh ar fáil i rith thréimhse an tuairiscithe, ach tá ÁSPC an fhostóra fágtha ar lár.

29. Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara

I gcomhréir le FRS102 tá an Chuideachta díolmhaithe ó nochtadh idirbheart le haonáin eile faoi úinéireacht an stáit.

Mar a luadh i nóta 1, tá aon ghnáthscair amháin i seilbh an Aire Airgeadais agus tá an chuid eile díobh i seilbh an Aire Iompair amhail ar an 31 Nollaig 2019.

Níor thug aon chomhalta Boird, a mbreathnófaí orthu mar pháirtí gaolmhar, ná baill den phríomhfhoireann bhainistíochta faoi aon idirbhearta ábhartha leis an gCuideachta i rith na bliana.

Mar a luadh i nóta 15, tá €2.4m dlite don Chuideachta ó na cistí pinsin (2018: €2.3m).

30. Sochair iarfhostaíochta

Oibríonn an Chuideachta ceithre scéim pinsin le sochair sainithe agus scéim pinsin le ranníocaíocht shainithe. Ar an 1 Eanáir 2005 dúnadh na scéimeanna sochair sainithe d'iontrálaithe nua.

Scéim Ranníocaíochtaí Sainithe

Tá fostaithe a thosaigh ag obair leis an gCuideachta tar éis an 1 Eanáir 2005 ina mbaill den scéim pinsin le ranníocaíocht shainithe. Íocann na baill agus an Chuideachta ranníocaíochtaí ag rátaí seasta. I rith na bliana rinne an Chuideachta ranníocaíocht €762k (2018: €591k) sa scéim pinsin le ranníocaíocht shainithe, agus rinneadh an méid sin a mhuirearú ar an gcuntas Brabúis agus Cailteanais. Is é Irish Pensions Trust Limited, Cuideachta iontaobhaí neamhspleách gairmiúil, an t-aon iontaobhaí amháin de chuid na scéime le ranníocaíocht shainithe.

Scéimeanna Sochair Sainithe

(a) Oibríonn an Chuideachta ceithre scéim pinsin le ranníocaíocht shainithe bunaithe ar thuarastail dheireanacha inphinsin d'fhostaithe incháilithe, lena n-áirítear fostaithe agus iarfhostaithe Chuideachta Phort Dhún Dealgan agus an t-aonán a bhí ann roimh an gCuideachta, Bord Poirt agus Duganna Bhaile Átha Cliath.

Déanann iontaobhaithe riarachán ar na ceithre scéim. Is iad seo a leanas na scéimeanna: "Ciste Aoisliúntais Comhlacht Chalafort Átha Cliath 1996", "Ciste Aoisliúntais um Píolótaí Chuideachta Comhlacht Chalafort Átha Cliath", "Scéim Sochar Scoir um Phríomhfheidhmeannach Chuideachta Comhlacht Chalafort Átha Cliath" agus "Scéim Pinsin Chuideachta Comhlacht Chalafort Átha Cliath um Iarfhostaithe Chuideachta Phort Dhún Dealgan".

Is iad an Chuideachta agus na baill scéime a cheapann iontaobhaithe Chiste Aoisliúntais Comhlacht Chalafort Átha Cliath 1996. Reáchtáladh an toghchán iontaobhaí baill is deireanaí do chiste Aoisliúntais Comhlacht Chalafort Átha Cliath 1996 in 2017 agus rinne an Bord ceapachán ceathrar fostaithe a dhaingniú ag a chruinniú ar an 8 Nollaig 2017. I dteannta leis an gceathrar iontaobhaithe atá ina mbaill, cheap an Chuideachta ceathrar iontaobhaithe eile.

Is é Irish Pensions Trust Limited, Cuideachta iontaobhaí neamhspleách gairmiúil, an t-aon iontaobhaí amháin de na trí scéim eile.

Níl aon scéimeanna neamh-mhaoinithe i bhfeidhm amháin ar an 31 Nollaig 2019.

(b) Luacháil Achtúireach

Déantar seasamh maoinithe na ceithre scéim sochair sainithe a mheasúnú de réir chomhairle achtúirí neamhspleácha. Déantar an seasamh maoinithe a mheasúnú go foirmiúil gach trí bliana.

Tá sé ar intinn ag an gCuideachta ranníocaíochtaí rialta a dhéanamh leis na ceithre scéim de réir na moltaí a leag na hachtúirí amach sna tuarascálacha achtúireachta iomchuí le haghaidh gach scéime.

Ullmhaíodh na luachálacha achtúireacha infheidhme is deireanaí do na príomhscéimeanna ar an 1 Eanáir 2018. Ba é Mercer a chuir na tuarascálacha i gcrích, agus ní oifigigh ná fostaithe de chuid na Cuideachta iad. Tá na tuarascálacha luachála ar an 1 Eanáir 2018 ar fáil lena scrúdú ag baill na scéime ach níl siad ar fáil lena scrúdú ag an bpobal.

Tá na chéad tuarascálacha luachála eile do na scéimeanna seo le bheith ullmhaithe ar an 1 Eanáir 2021.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais ar leanúint

30. Sochair iarfhostaíochta (ar leanúint)

Bonn luachála um Íoschaighdeán Maoinithe (faisnéis nach bhfuil iniúchta):

Tá sé ina cheangal go gcloífeadh na ceithre scéim le sochair sainithe leis an Íoschaighdeán Maoinithe (ICM) i gcomhréir le hAlt 44 d'Acht na bPinsean, 1990 (mar atá leasaithe). Leis an ICM, go ginearálta, déantar a thomhas cibé acu an gclúdaíonn sócmhainní carntha dliteanais arna bhfabhrú do bhaill, ag déanamh talamh slán de go ndéanfaí na scéimeanna a fhoirceannadh ar an dáta luachála. Tá na boinn tuisceana ar a mbíonn an dliteanas ICM socraithe forordaithe sa reachtaíocht agus i dtreoir achtúireach. Cuireadh na teastais maoinithe achtúirigh is deireanaí, a cuireadh ar fáil le haghaidh na bpríomhscéimeanna le sochar sainithe, faoi bhráid an Údaráis Pinsean iad agus dáta éifeachtach 31 Nollaig 2018 orthu, agus dearbhaíodh gur chloígh na scéimeanna leis an ICM ar an dáta sin.

Tar éis an athbhreithnithe achtúirigh ar an 1 Eanáir 2020, fuarthas amach gur chloígh ceithre scéim le sochar sainithe an ICM amhail ar an 1 Eanáir 2020. Ba é luach iomlán shócmhainní na scéime ná €281.5m agus ba iad luach iomlán na ndliteanas faoin ICM ná €197.3m, agus an toradh a bhí air sin ná barrachas de €84.2m ar bhonn an ICM.

Bonn na luachála fadtéarmaí (faisnéis neamh-iniúchta):

Tá sé de rún ag an gCuideachta leanúint de mhaoiniú a sholáthar de réir mholadh an achtúire chun déanamh cinnte go leanfaidh na scéimeanna d'fheidhmiú agus de sholáthar íocaíochtaí pinsin ar bhonn fadtéarmach.

Maidir leis na luachálacha amhail ar an 1 Eanáir 2018 chun na gcríoch maoinithe sin, ullmhaíodh iad agus úsáid á baint as modh luachála achtúirigh ar a dtugtar an modh "aoise sroichte". Is iad na phríomhbhoinn tuisceana achtúireacha a glacadh sa luacháil ná gurb é 1.00% per annum an ráta fáltais bliantúil a bheadh ar infheistíochtaí roimh scor, gurb é 1.00% per annum an ráta fáltais bliantúil a bheadh ar infheistíochtaí tar éis scoir, agus gurb é an méadú a bheadh ar thuarastail ná 2.50% le haghaidh 2018-2022 agus 3.0% per annum ina dhiaidh sin an méadú a bheadh ar phinsin reatha ná 1.75% per annum. Faoin modh luachála sin ar an 1 Eanáir 2018, ba é méid iomlán na sócmhainní ná €281.8m agus ba é méid iomlán na ndliteanas fabhráithe ná €264.9m. Ba é an toradh air sin ná barrachas comhlán de €16.9m agus cóimheas maoinithe (sócmhainní: dliteanais) de 106% amhail ar an 1 Eanáir 2018.

Tar éis athbhreithniú eatramhach ar an 1 Eanáir 2020, ba é méid foriomlán na sócmhainní ná €281.5m agus méid foriomlán na ndliteanas arna dtomhas de réir an mhodha luachála sin ná €269.1m, agus an toradh air sin ná barrachas comhlán de €12.4m agus cóimheas maoinithe (sócmhainní:dliteanais) amhail ar an 1 Eanáir 2020 de 105%.

Ullmhófar na chéad luachálacha foirmiúla iomlána eile ar an 1 Eanáir 2021.

(c) FRS 102 – Alt 28 – “Sochair Fostaí”

Rinne achtúirí neamhspleácha oibleagáidí sochair sainithe na Cuideachta a luacháil chun críocha alt 28 de FRS 102, bunaithe ar shonraí arna gcur ar fáil le haghaidh luacháil achtúireach na scéimeanna amhail ar an 31 Nollaig 2019. De réir mar a éilítear de réir alt 28 de FRS 102, ullmhaíodh an luacháil agus úsáid á baint as modh luachála achtúirigh ar a dtugtar modh “na n-aonad creidmheasa réamh-mheasta”. Ós rud é go bhfuil na scéimeanna dúnta d'iontrálaithe nua, tá próifíl aoise na scéime ag dul in airde agus mar sin faoi mhodh na n-aonad réamh-mheasta rachaidh an costas reatha seirbhíse i méid de réir mar a bhogann baill den scéim i dtreo scoir.

30. Sochair iarfhostaíochta (ar leanúint)

Boinn Tuisceana Airgeadais:

Ba iad na príomhbhoinn tuisceana airgeadais chun na hoibleagáidí sochair (dliteanais) a ríomh faoi alt 28 de FRS 102 ar dháta an Chláir Chomhardaithe ná:

	31 Nollaig 2019	31 Nollaig 2018
Ráta úis arna chur i bhfeidhm ar oibleagáidí sochair ar lascaine	1.25%	2.00%
Ráta réamh-mheasta an mhéadaithe ar thuarastail	2.5% le haghaidh 2020-2022, 3% ina dhiaidh sin	2.5% le haghaidh 2019-2022, 3% ina dhiaidh sin
Ráta réamh-mheasta an mhéadaithe ar phinsin arna n-íoc	1.50%	1.75%
Ráta réamh-mheasta an mhéadaithe arna gcur siar	1.50%	1.75%
Boilsciú ITB	1.50%	1.75%

Déantar an ráta lascaine arna úsáid chun an dliteanas pinsin a ríomh faoi threoir torthaí margaidh ar dháta an Chláir Chomhardaithe ar bhannaí corparáide ardchaighdeáin. Bíonn airgeadra agus téarma na mbannaí corparáide ar aon dul le hairgeadra agus téarma measta na n-oibleagáidí sochair. Ag féachaint d'fhad oibleagáidí sochair na scéime, glacadh ráta lascaine de 1.25% amhail ar an 31 Nollaig 2019.

Boinn Tuisceana Dhéimeagrafacha:

Tá na boinn tuisceana do bhaill maidir leis an ionchas saoil ag am scoir leagtha amach thíos:

	2019		2018	
	Blianta Fir	Blianta Mná	Blianta Fir	Blianta Mná
Baill reatha ag 40 bliain d'aois (ionchas saoil ag 65 bliana d'aois)	24.7	26.5	24.6	26.5
Pinsinéirí reatha ag 65 bliana d'aois (ionchas saoil ag 65 bliana d'aois)	22.5	24.4	22.4	24.3

Sócmhainní Scéime:

Ba é leithdháileadh infheistíochta na sócmhainní ar dháta an Chláir Chomhardaithe ná:

Aicme Sócmhainne	Cion de shócmhainní na Scéime amhail ar an 31 Nollaig 2019	Cion de shócmhainní na Scéime amhail ar an 31 Nollaig 2018
Bannaí	91.23%	90.93%
Réadmhaoin	0.03%	0.13%
Eile	8.74%	8.94%
	100.0%	100.0%

Faoi FRS102, socraítear an toradh ionchais ar shócmhainní sa mhéid is go bhfuil sé comhionann leis an ráta lascaine

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais ar leanúint

30. Sochair iarfhostaíochta (ar leanúint)

Ba é luach cóir na sócmhainní pinsin ar dháta an Chláir Chomhardaithe ná:

	Luach cóir amhail ar an 31 Nollaig 2019 €'000	Luach cóir amhail ar an 31 Nollaig 2018 €'000
Bannaí	256,854	249,258
Réadmhaoín	90	363
Eile	24,591	24,503
Luach Cóir iomlán Sócmhainní	281,535	274,124

Seo a leanas na méideanna atá aitheanta sa ráiteas faoin staid airgeadais:

	31 Nollaig 2019 €'000	31 Nollaig 2018 €'000
Luach cóir na sócmhainní scéime	281,535	274,124
Oibleagáid sochair sainithe	(233,491)	(220,943)
Sócmhainn sochair shainithe	48,044	53,181
Léirithe i ráitis airgeadais mar seo a leanas:		
Infheistíochtaí – barrachas ar scéimeanna maoinithe (féach nóta 16)	48,044	53,181

Anailís ar na méideanna curtha san áireamh sa Chuntas Brabúis agus Cailiteanais:

	2019 €'000	2018 €'000
Costas (gan ús san áireamh)		
Costas reatha seirbhíse	(1,204)	(1,275)
Glanchoistas úis		
Ioncam úis ar shócmhainní scéime	5,394	5,273
Ús ar oibleagáidí sochair scéimeanna pinsin	(4,325)	(4,304)
Glanioncam úis	1,069	969
	(135)	(306)

Áirítear leis an muirear Brabúis agus Cailiteanais an costas/creidmheas seo a leanas mar gheall ar athruithe ar fhorálacha plean:

Anailís ar na méideanna atomhais arna n-aithint in Ioncam Cuimsitheach Eile:

	2019 €'000	2018 €'000
Toradh ar shócmhainní plean (gan ioncam úis san áireamh)	10,863	(4,389)
Éifeacht choigeartuithe taithí	1,565	3,515
Éifeacht athruithe ar bhoinn tuisceana	(17,640)	3,251
Iomlán na n-atomhas curtha san áireamh in Ioncam Cuimsitheach eile	(5,212)	2,377

30. Sochair iarfhostaíochta (ar leanúint)**Gluaiseacht sócmhainní scéime agus oibleagáidí sochair**

	Sócmhainní €'000	Oibleagáidí sochair €'000	Glanbharrachas/(glaneasnamh) €'000
Amhail ar an 31 Nollaig 2017	281,804	(231,217)	50,587
Costas reatha seirbhíse	-	(1,275)	(1,275)
Ús ar oibleagáidí sochair scéime	-	(4,304)	(4,304)
Ioncam úis ar shócmhainní scéime	5,273	-	5,273
Toradh ar shócmhainní scéime (gan ioncam úis san áireamh)	(4,389)	-	(4,389)
Atomhas mar thoradh ar choigeartuithe taithí	-	3,515	3,515
Atomhas mar thoradh ar athrú ar bhoinn tuisceana	-	3,251	3,251
Ranníocaíochtaí ball	310	(310)	-
Sochair arna n-íoc ón scéim	(9,397)	9,397	-
Ranníocaíochtaí fostóra	523	-	523
Amhail ar an 31 Nollaig 2018	274,124	(220,943)	53,181

Gluaiseacht sócmhainní scéime agus oibleagáidí sochair

	Sócmhainní €'000	Oibleagáidí sochair €'000	Glanbharrachas/(glaneasnamh) €'000
Amhail ar an 31 Nollaig 2018	274,124	(220,943)	53,181
Costas reatha seirbhíse	-	(1,204)	(1,204)
Ús ar oibleagáidí sochair scéime	-	(4,325)	(4,325)
Ioncam úis ar shócmhainní scéime	5,394	-	5,394
Toradh ar shócmhainní scéime (gan ioncam úis san áireamh)	10,863	-	10,863
Atomhas mar thoradh ar choigeartuithe taithí	-	1,565	1,565
Atomhas mar thoradh ar athrú ar bhoinn tuisceana	-	(17,640)	(17,640)
Ranníocaíochtaí ball	304	(304)	-
Sochair arna n-íoc ón scéim	(9,360)	9,360	-
Ranníocaíochtaí fostóra	210	-	210
Amhail ar an 31 Nollaig 2019	281,535	(233,491)	48,044

Measann an fostóir go mbeidh €0.2m á chur acu leis na scéimeanna pinsin in 2020.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais ar leanúint

30. Sochair iarfhostaíochta (ar leanúint)

Anailís Íogaireacht ar oibleagáidí Sochair Scéime:

Tá íogaireacht na hoibleagáide sochair sainithe d'athruithe ar na boinn tuisceana maidir le mortlaíocht leagtha amach thíos:

	2019	2019	2019
	Bonn tuisceana reatha	-1 Bhliain	+1 Bhliain
Ball Fir Reatha ag 40 bliain d'aois (Ionchas Saoil ag 65 bliana d'aois)	24.6	23.8	25.5
Pinsinéir Fir Reatha ag 65 bliana d'aois (Ionchas Saoil ag 65 bliana d'aois)	22.4	21.5	23.2
Oibleagáidí sochair (€'000)	233,491	225,566	241,529
Athrú ar oibleagáidí sochair (€'000)		7,925	(8,038)
% Athraithe (mar % den mhéid tosaigh)		3.4%	(3.4%)

Tá íogaireacht na hoibleagáide sochair sainithe d'athruithe ar an ráta lascaine leagtha amach thíos:

	2019	2019	2019
	Bonn tuisceana reatha	-0.25%	+0.25%
Ráta Lascaine	1.25%	1.00%	1.50%
Oibleagáidí sochair (€'000)	233,491	241,889	224,302
Athrú ar oibleagáidí sochair (€'000)		(8,398)	9,189
% Athraithe (mar % den mhéid tosaigh)		(3.6%)	3.9%

31. Imeachtaí tar éis an dáta tuairiscithe

Níor tharla aon imeachtaí idir dáta an Chláir Chomhardaithe agus an dáta ar ar fhaomh an Bord na ráitis airgeadais, a mbeadh sé riachtanach mar gheall orthu coigeartú a dhéanamh ar na ráitis airgeadais ná aon nochtadh breise a dhéanamh.

32. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais ar an 27 Márta 2020.



 **COMHLACHT CHALAFORT
ÁTHA CLIATH
DUBLIN PORT COMPANY**

TIONSCADAL ATHFHORBARTHA BHÁISÍN ALEXANDRA

Ag eáscú fhás Phríomhphort na hÉir



Co-financed by the European Union
Connecting Europe Facility

Staitisticí Poirt (neamh-iniúchta)

Clúdaíonn na ráitis airgeadais an bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019 i dteannta le figiúirí comparáideacha le haghaidh 2018.

Chun críocha comparáide, clúdaíonn na staitisticí neamh-iniúchta atá curtha ar fáil arís thíos trádáil Chuideachta Comhlacht Chalafort Átha Cliath do na blianta féilire 2017 – 2019.

	2019	2018	2017
Árthaí – Líon Iomlán a Tháinig Isteach	7,898	7,969	7,802
Tréachur ('000 tona)			
Ró-Ró	24,348	24,050	23,412
Ló-Ló	7,290	6,924	6,673
Bulcleacht	4,662	4,621	4,281
Bulcsholad	1,820	2,375	2,034
Briseadh Builc	17	24	22
	38,138	37,994	36,422
Aonaid Ró-Ró ('000)	1,059	1,032	992
TEUnna Ló-Ló ('000)	774	726	698
Líon Paisinéirí (milliúin)	1.9	1.8	1.8



Árthaí – Líon Iomlán a Tháinig Isteach

2019	7,898
2018	7,969
2017	7,802

Tréachur ('000 tona) Ró-Ró

2019	24,348
2018	24,050
2017	23,412

Aonaid Ró-Ró ('000)

2019	1,059
2018	1,032
2017	992

Tréachur ('000 tona) Ló-Ló

2019	7,290
2018	6,924
2017	6,673

TEUnna Ló-Ló ('000)

2019	774
2018	726
2017	698

Tréachur ('000 tona) Bulcleacht

2019	4,662
2018	4,621
2017	4,281

Líon Paisinéirí (milliún)

2019	1.9
2018	1.8
2017	1.8

Tréachur ('000 tona) Bulcsholad

2019	1,820
2018	2,375
2017	2,034

Tréachur ('000 tona) Briseadh Builc

2019	17
2018	24
2017	22







 **COMHLACHT CHALAFORT
ÁTHA CLIATH
DUBLIN PORT COMPANY**

Comhlacht Chalafort Átha Cliath
Ionad an Chalafóirt, Bóthar Alexandra
Baile Átha Cliath 1, Éire

P-phost: info@dublinport.ie
Teil: +353 1 8876000
Facs: +353 1 8551241



www.dublinport.ie

